An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine

EIP-AGRI:
Grúpaí Oibríochtúla na hEireann
2019



Tionscnamh de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara
gov.ie

eip-agri

AGRICULTURE & INNOVATION

Chun an foilseachán seo a lua: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. 2019. EIP-AGRI: Grúpaí Oibríochtúla na hÉireann 2019

Arna ullmhú ag meitheal an Líonra Náisiúnta Tuaithe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, thar ceann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Arna dhearadh ag an Dr. Shane Conway, Taighdeoir Iardhochtúireachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus ag an Líonra Náisiúnta Tuaithe.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

The European Agricultural Fund for Rural Development:
Europe investing in rural areas

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

National Rural Network

Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar 1

Réamhrá ón Aire 2

Tionscnamh EIP-AGRI 3

Grafaic Faisnéise faoi Ghrúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann 4

Tionscadal Chromán na gCearc 6
Tionscadal an Diúilicín Péarla 7
Tionscadal Abhainn Ealla 8
Athghiniúint Bithéagsúlachta i dTimpeallacht Déiríochta (BRIDE) 9
Bithmhais go Bithghualach le haghaidh Bithgheilleagar Feirme (BBFB) 10
Bithscaglann Ghlas 11
Todhchaí Feirmeoireachta an Staighre Dhuibh 12
Caomhnú Árann 13
Cúlra Créafóige - Clár Athnuachana an tSaothraithe 14
Grúpa Feirmeoireachta DANÚ 15
Curaíocht Chaomhantais a Chumasú (ECT) 16
Clár Feirmeoireachta Ráth Cruachan 17
Clár Fheirmeoirí Ardtalún Inis Eoghain 18
Córais Táirgthe Orgánaigh a Uasmhéadú (MOPS) 19
EIP na Maoilchearna 20
Scéim Áitiúil Agra-chomhshaoil Chonamara Thuaidh 21
Sonraí Ovi 22
Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint 23
Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás 24
Plean Inbhuanaithe Talmhaíochta do na Cruacha Dubha 25
Scéim Inbhuanaithe Agra-chomhshaoil Ardtalún (SUAS) 26
Caomhnú an Chrotaigh Pórúcháin in Éirinn 27
Scéim Pobal agus Feirmeoireachta Brataí Goirme Dhún Canann 28

Bunachar Sonraí Thionscadal Service Point EIP-AGRI 29

Scéalchlár Ghrúpa Oibríochtúil NRN EIP-AGRI na hÉireann 30

Réamhrá ón Aire

Is cúis áthais dom an lámhleabhar seo a bhaineann le Grúpaí Oibríochtúla na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí i leith Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheachta Talmhaíochta (EIP-AGRI) atá á gcómhaoiniú ag mo Roinnse agus ag an AE faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014 - 2020 a thabhairt isteach. Tá thart ar €59 milliún ar fáil chun na tionscadail lena mbaineann a mhaoiniú faoinár bPlean Forbartha Tuaithe (PFT). Tá sé curtha faoi deara agam gurb infheistíocht an-suntasach é seo ós rud é go n-aithním an acmhainneacht ar féidir le scéimeanna faoi cheannas dreamanna áitiúla a thairiscint.

Tionscnamh de chuid mo Roinnse is ea iad Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann. Spreagann siad comhoibriú agus nuálaíocht i gceantair thuaithe na hÉireann trí deiseanna nua a thairiscint d'fhonn raon leathan daoine a thabhairt le chéile chun fadhbanna ina gceantair a shárú agus chun rudaí nua a thionscnamh. Tá cuid mhór dúshlán i ndán don talmhaíocht in Éirinn ach ní ceart beag is fiú a dhéanamh de sheasmhacht ná de chumhacht daoine a oibríonn le chéile agus comhchuspóirí acu. Ligeann tionscadail EIP-AGRI d'fheirmeoirí, d'eolaithe, do chomhairleoirí agus do gach duine ar spéis leo leas Earnáil Talmhaíochta agus timpeallacht na hÉireann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha trí úsáid a bhaint as múnlaí nua comhoibrithe agus nuálaíochta.

Nuair a chuir mo Roinn tús le tionscnamh EIP-AGRI sa bhliain 2016 is ar éigin a shamhlaigh aon duine an méid spéise a ghinfeadh sé. Trí phróiseas tairiscintí comórtais, iarradh ar mheithleacha oibre cláir a dhearadh agus a riaradh d'fhonn caomhnú a dhéanamh Chromán na gCearc agus ar an Diúilicín Péarla Fionnuisce. Mar thoradh ar an bpróiseas comórtais sin, tá dhá mheitheal oibre i mbun oibre anois agus thar na cúig bliana atá romhainn tá mé ag tnúth leis an bhforbairt agus leis an méadú a dhéanfar ar a gcuid pleananna. Is é is croí chuspóir don dá thionscadal sin ná speicis i mbaol a chaomhnú. Ach, chomh maith leis sin, tá siad tiomnaithe i leith tairbhí inbhuanaithe a sholáthar don bhithéagsúlacht, d'éiceachórais, do cháilíocht an uisce agus, rud atá fíorthábhachtach, do rannchuidiú go mór le geilleagair bhríomhara áitiúla agus d'fheabhsú inmharthanacht na bhfeirmeoirí a bhfuil baint acu leis na tionscadail. Tá leas á bhaint ag an dá thionscadal as cur chuige praiticiúil torthaí-bhunaithe i leith na feirmeoireachta. Maidir le struchtúr a thógáil i leith feirmeoireachta ar son caomhantais ar mhaithe lenár dtodhchaí, tá mé cinnte go mbeifear in ann leas a bhaint as na ceachtanna atá foghlamtha ó na meithleacha sin.

Le déanaí, reáchtáil mo Roinnse dhá iarraidh oscailte ar thograí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann san earnáil agraibhia agus fuarthas os cionn 170 togra inar clúdaíodh raon leathan ábhar éagsúil. Ba ollmhór an líon freagraí sin agus léiríonn sé go bhfuil muintir na hÉireann an-díograiseach i leith earnáil talmhaíochta atá fíor-inbhuanaithe a chruthú, i leith rannchuidiú go dearfach leis an timpeallacht, i leith athrú aeráide a mhaolú agus i leith feabhas a chur ar cháil na hearnála ar mhodh ina gcabhrófar le deiseanna nua margaidh a fhorbairt. Tar éis na freagraí sin a scagadh, roghnaigh mo Roinn 21 tionscadal chun déileáil le raon leathan ábhar. Ina measc siúd áirítear tionscadail a bhaineann le díriú ar bhithmhais talmhaíochta nach n-úsáidtear, le géinitic chaorach, le táirgiúlacht orgánach, le bainistíocht tuilte, le pailneoirí, le cáilíocht an uisce, le speicis ionracha, le bithéagsúlacht, le hithreacha, le hardtailte móna, le feirmeoireacht i dtírdhreach seandálaíochta agus le bithfhuinneamh.

Is obair fhíorthábhachtach é seo agus is cinnte nach bhféadfaí í a chur i gcrích gan an múnla láidir comhoibríocht atá curtha ar bun trí struchtúr Ghrúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI agus a bhfuil leas á bhaint as in éineacht le feirmeoirí atá eolach ar a gcuid talún féin agus a oibríonn go dlúth le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí stáit iomchuí. Tá mo Roinn, agus tá mé féin, ag tnúth le bheith ag obair leis na meithleacha tionscadail éagsúla thar na cúig bliana atá romhainn. Molaim iad go léir i leith a dtionsclaíochta agus a misnigh agus guím gach rath orthu agus iad ag baint triail as smaointe nua agus ag obair chun Éire níos fearr a chruthú.

Michael Creed, TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Tionscnamh EIP-AGRI in Éirinn

Cuireadh tús leis an gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (EIP-AGRI) sa bhliain 2012 chun rannchuidiú le 'Straitéis Eoraip 2020' i leith fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. In Éirinn, maoiníonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) tionscadail EIP-AGRI faoin gClár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014 - 2020. Tá buiséad €59m curtha ar leataobh le haghaidh na dtionscadal sin. Forbraíonn Grúpaí Oibríochtúla tionscadail EIP-AGRÍ agus, maidir leis na grúpaí sin, tugann siad gníomhaithe amhail feirmeoirí, taighdeoirí agus agraghnóthaí le chéile chun réitigh nuálacha le haghaidh dúshláin ar leith atá le sárú ag an earnáil agraibhia agus ag an ngeilleagar tuaithe a shainaithint.

Cuimsíonn tionscnamh EIP-AGRI an méid seo a leanas:

- Iarraidh Oscailte EIP-AGRI le haghaidh tograí
- Tionscadal 'Cromán na gCearc'
- Tionscadal an Diúilicín Péarla

Tá 23 thionscadal EIP-AGRI roghnaithe ag RTBM lena ndearadh agus lena gcur i bhfeidhm ag na Grúpaí Oibríochtúla lena mbaineann. Beidh na tionscadail ailínithe go maith le PFT agus le tosaíochtaí náisiúnta na hÉireann agus tabharfaidh siad aghaidh ar dhúshláin amhail bithéagsúlacht, brabúsacht agus in bhuanaitheacht, agus bainfidh siad leas as an gcruthaitheacht agus as an tseiftiúlacht a bhaineann go sainiúil le hearnáil tuaithe na hÉireann. Is tionscadail de chineál 'ón mbun aníos' iad an chuid is mó de na tionscadail, agus feirmeoirí i gceannas orthu ar feirmeoirí iad atá díograiseach i leith thodhchaí na feirmeoireachta agus na timpeallachta ina gcuid pobal féin.

Tá ról tugtha ag RTBM don Líonra Náisiúnta Tuaithe (LNT) atá á bhainistiú ag cuibhreannas faoi cheannas Nasc Tuaithe na hÉireann i gcomhpháirtíocht leis an Wheel, le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, agus le Philip Farrelly & Co., ar líonra comhaltais é sin d'fheirmeoirí, do chomhairleoirí talmhaíochta, do phobail tuaithe agus do dhaoine eile arb ábhar leasa dóibh é forbairt na tuaithe. Soláthraíonn sé faisnéis atá cothrom le dáta, cás-staidéir, seimineáir agus comhdhálacha chun uasmhéadú a dhéanamh ar thorthaí tairbhiúla Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014-2020 ar mhaithe le geallsealbhóirí tuaithe. Sa doiciméad seo, arb é is aidhm dó ná spreagadh a thabhairt do dhaoine sa phobal feirmeoireachta agus i gceantair thuaithe i leith uasmhéadú a dhéanamh as rath na gcuspóirí atá leagtha amach in PFT 2014-2020 agus, tá mionsonraí le fáil faoi phríomhaidhmeanna, faoi phríomhchuspóirí agus faoi phríomhghníomhaíochtaí gach ceann ar leith de na tionscadail EIP-AGRI a roghnaíodh. Ina theannta sin, tá faisnéis ann faoi bhunachar sonraí nua idirghníomhach tionscadal EIP-AGRI Éireannach agus tá sé sin ceaptha chun eolas faoi Ghrúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann a scaipeadh, agus na grúpaí sin a chur chun cinn, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta. Tá an fhaisnéis ar taispeáint go grafach ar ardán Scéalchláir ar an gcuid de láithreán gréasáin LNT a bhaineann le EIP-AGRI agus tá léarscáil gheografach d'Éirinn ann mar aon le hidirghníomhaíocht shoiléir d'úsáideoirí agus grafaic faisnéise a cruthaíodh do gach tionscadal ar leith. Chomh maith leis sin, áiríonn an uirlis úsáideach sin naisc le láithreáin ghréasáin agus le cuntais mheán sóisialta na dtionscadal EIP-AGRI.

Ba iad a dhear agus a d'ullmhaigh an leabhrán EIP-AGRI seo agus an bunachar sonraí idirghníomhach thar ceann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Líonra Náisiúnta Tuaithe ná an Dr. Shane Conway, an Dr. Maura Farrell agus an Dr. Aisling Murtagh atá lonnaithe i mBraisle Taighde na Staidéar Tuaithe i nDisciplín na Tíreolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tá achoimrí ar na 23 thionscadal ar fad a bhaineann le Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann le fáil freisin ar bhunachar sonraí agus ar léarscáil idirghníomhach Eorpach thionscadal ar líne Phointe Seirbhíse EIP-AGRI.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thionscnamh EIP-AGRI, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig rannóg EIP-AGRI na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (eip@agriculture.gov.ie) nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin LNT ag www.nationalruralnetwork.ie.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

eip-agri
AGRICULTURE & INNOVATION

Grúpaí Oi
EIP-AGRI É

1 Clár Fheirmeoirí Ardtalún Inis Eoghain

2 Cúlra Créafóige

3 Caomhnú an Chrotaigh Pórúcháin in Éirinn

4 Clár Feirmeoireachta Ráth Cruachan

5 Córais Táirgthe Orgánaigh a Uasmhéadú (MOPS)

6 Scéim Áitiúil Agra-chomhshaoil Chonamara Thuaidh

7 Caomhnú Árann

8 Tionscadal Chromán na gCearc

9 Bithmhais go Bithghualach le haghaidh Bithgheilleagar Feirme (BBFB)

10 EIP na Maoilchearna

11 Tionscadal Abhainn Ealla

12 Bithscaglann Ghlas



Baineann na pointí suímh le haghaidh gacl
Chomhpháirtí an ghrúpa, ach tá na Grúpaí Oib
go réigiúnach agus go náisiúnta. Tá léiriú sonrac
i mBunachar Scéalchlár Thionscadail EIP-AGRI a
Náisiúnta agus ar shuíomh gréasáin an EIP-AGF

bríochtúla
Éireannach

The European Agricultural Fund for Rural Development: **Europe investing in rural areas**

National Rural Network



Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás **23**

Grúpa Feirmeoireachta DANÚ  **22**

Scéim Inbhuanaithe Agra-chomhshaoil Ardtalún (SUAS) **21**

Curaíocht Chaomhantais a Chumasú (ECT) **20**

Todhchaí Feirmeoireachta an Staighre **19**

Scéim Pobal agus Feirmeoireachta Brataí Goirme Dhún Canann **18**

Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint **17**

Athghiniúint Bithéagsúlachta i dTimpeallacht Déiríochta (BRIDE) **16**

Sonraí Ovi **15**

Tionscadal an Diúilicín Péarla **14**

Plean Inbhuanaithe Talmhaíochta do na Cruacha Dubha **13**

h Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI le Príomh-
ríochtúla i bhformhór na gcásanna forleathan
ch ar Láthair Gheografach do gach grúpa le fáil
agus ar shuíomh gréasáin an An Líonra Tuaithe
RI Service Point.

eip-agri
AGRICULTURE & INNOVATION

Arna dhearadh ag an Dr. Shane Conway, Taighdeoir Iardhochtúireachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus ag an Líonra Náisiúnta Tuaithe.

Tionscadal Cromán na gCearc

Scéim atá á stiúradh go háitiúil chun Cromán na gCearc a Chaomhnú

Suíomh Geografach	IE 041 Teorainn, IE 042 Iarthar, IE063 Lár-Réigiún, IE 053, IE 051 Réigiún Meán-Iarthair
Eochairfhocail	Cromán na gCearc, Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LfCS), Feirmeoireacht Adluacha Dúlra
Ceannaire an Tionscadail	Fergal Monaghan, The Hen Harrier Project Ltd. (ríomhphost: fergal.monaghan@henharrierproject.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2017
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€25,000,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Is éan creiche talamhneadaithe é Cromán na gCearc, agus é oiriúnaithe do ghnáthóga ar mhóinteach oscailte agus ar thalamh féaraigh imeallach. Ach le 40 bliain anuas, tá laghdú tagtha ar na gnáthóga leath nádúrtha a mbíonn an t-éan ag brath orthu mar thoradh ar athruithe atá tagtha ar úsáid talún de bharr chúrsaí déimeagrafacha, eacnamaíochta agus rialála. Le fírinne, tá laghdú 27% tagtha ar líon pórúcháin Chromáin na gCearc, laistigh den LfCS, ó bhí an bhliain 2005 ann. A mhéid a bhaineann le Cromán na gCearc ar bhonn náisiúnta, meastar nach bhfuil ach 108 - 157 péire ann anois.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal tairbhí inbhuanaithe a sholáthar don bhithéagsúlacht, agus d'éiceachórais ardtalún agus geilleagar bríomhar áitiúil a chruthú trí chomhpháirtíochtaí láidre a bhunú le feirmeoirí a bhfuil talamh acu atá ainmnithe mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta i gcomhair Cromán na gCearc a phórú agus an méid sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as cur chuige praiticiúil torthaí-bhunaithe i leith feirmeoireachta ar son caomhantais.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas le linn Clár Caomhantais 5 Bliana atá dírithe ar cheantair áitiúla a chur i gcrích:

(i) Bainistíocht inbhuanaithe talún feirme lena ngabhann Ardluach Dúlra a chinntiú sna limistéir is tábhachtaí in Éirinn i dtaca le Cromán na gCearc de, agus béim ar leith á leagan ar ghnáthóg ardchaighdeáin a chur ar fáil do Chromán na gCearc agus do na speicis fiadhúlra éagsúla eile atá ann sa tírdhreach céanna;
(ii) Dearcadh socheacnamaíochta níos láidre a chur chun cinn i ndáil le limistéir ar deacair iad a bhainistiú de ghnáth agus ar limistéir ardtalún iad nach ndéantar ach táirgeadh imeallach talmhaíochta iontu;
(iii) Múnla éifeachtach a fhorbairt le haghaidh bhainistíocht inbhuanaithe limistéir Chromán na gCearc amach anseo;
(iv) Caidreamh dearfach leantach a chothú trí réitigh a bhfuil ceannas ag dreamanna áitiúla orthu, is é sin, caidreamh idir na daoine a bhfuil bainistíocht an tírdhreacha lena mbaineann faoina gcúram acu leis na glúnta, na Ranna Rialtais iomchuí agus an bhithéagsúlacht speisialta atá ann ar an talamh.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Clár caomhantais a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i sé cinn de Limistéir faoi Chosaint Speisialta atá ainmnithe i gcomhair Chromán na gCearc pórúcháin.
- Dreasacht a thabhairt d'fheirmeoirí chun feabhas a chur ar luach gnáthóige a gcuid tailte ainmnithe.
- Tacú le bearta cumasúcháin trína n-éascaítear feabhsú gnáthóige.
- Aitheantas a thabhairt do ról an fheirmeora i leith cuspóirí sainithe caomhantais a bhaint amach.
- Suirbhéireachtaí bliantúla a dhéanamh i leith Chromáin na gCearc chun eolas a bhailiú do na seirbhísí comhairle agus oiliúna a chuirtear ar fáil d'fheirmeoirí.
- Oibriú le Ranna Rialtais chun íoslaghdú a dhéanamh ar thionchair dhiúltacha a éiríonn as suaitheadh agus cailleadh gnáthóige.
- Comhordú a dhéanamh ar idirghabhálacha ar leibhéal tírdhreacha d'fhonn laghdú a dhéanamh ar an riosca do Chromán na gCearc agus d'éin talamhneadaithe eile mar gheall ar chreachadóireacht agus mar gheall ar fhalscaí.

HEN HARRIER PROJECT

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas

National Rural Network

eip-agri

Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Tionscadal an Diúilicín Péarla

Feirmeoireacht ar son an Dúlra i nGeilleagar Bríomhar Tuaithe

Suíomh Geografach	IE 053 Iardheisceart; IE 042 Iarthar; IE 041 Réigiún na Teorann
Eochairfhocail	Cleachtas Feirmeoireachta; Bainistíocht Tírdhreacha; Toirchiú agus Bainistíocht Chothaitheach; Bainistíocht Uisce; Bithéagsúlacht agus Bainistíocht an Dúlra
Ceannaire an Tionscadail	Dr Patrick Crushell, The Pearl Mussel Project Ltd. (ríomhphost: patrick@pmproject.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€10,000,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá an diúilicín péarla fionnuisce ina speiceas diúilicín a mhaireann in aibhneacha glana agus is speiceas é atá ar tí a dhíothaithe in Éirinn agus in iarthar na hEorpa, áit a bhfuil laghdú os cionn 90% tagtha ar a líon le céad bliain anuas. Is é is príomhchúis leis an meath sin ná nithe a bhaineann le hathrú ar úsáid talún agus le húsáid talún níos déine. Tá an speiceas ar Liosta Dearg an Aontais Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN), agus tá sé ar cheann de na 365 speiceas is mó i mbaol ar domhan. Tá sé liostaithe i gcomhair a chaomhnaithe faoi Threoir AE maidir le Gnáthóga. In Éirinn, tá 80% de líon iomlán na ndiúilicíní péarla fionnuisce atá ann sa tír le fáil in ocht n-abhantrach agus tugtar 'Na hOcht nAbhantrach Is Tábhachtaí' orthu sin. Cé go bhfuil an líon is mó diúilicíní péarla fionnuisce atá fágtha in Éirinn á gcothú sna haibhneacha sin, tá laghdú ag teacht ar líon na ndiúilicíní sin de réir a chéile freisin agus tá siad i mbaol a ndíothaithe mura ndéantar beart.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag Tionscadal an Diúilicín Péarla scéim dheonach thorthaí-bhunaithe agra-chomhshaoil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le feirmeoirí, ar scéim í a bheidh ina cabhair maidir le cosaint an diúilicín péarla fionnuisce atá i mbaol agus ar scéim í a rachaidh chun tairbhe don chomhshaol i gcoitinne.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas laistigh d'ocht n-abhantrach tosaíochta diúilicín péarla fionnuisce in Éirinn:

(i) Dálaí aibhneacha an diúilicín péarla fionnuisce a chosaint agus an comhshaol áitiúil a fheabhsú trí ghnáthóga nádúrtha (amhail bogaigh, tailte féaraigh agus portaigh) a chothú agus a fheabhsú;
(ii) Deis a chur ar fáil d'fheirmeoirí in ocht gcinn d'abhantracha tosaíochta ioncam breise a thuilleamh óna dtalamh. Gheobhaidh feirmeoirí scór as toradh sainithe comhshaoil a bhaint amach agus beidh íocaíochtaí níos airce ann mar luaíocht i gcás na scórtha is airde;
(iii) Tairbhí inbhuanaithe a chur ar fáil ó thaobh na bithéagsúlachta agus éiceachórais na n-aibhneacha de agus, ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt do gheilleagar bríomhar tuaithe.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Scéim agra-chomhshaoil thorthaí-bhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar scéim í trína dtabharfar luaíocht airgeadais d'fheirmeoirí i leith tairbhí comhshaoil a chur ar fáil.
- Cianrochtain pobail chun feasacht comhshaoil i measc pobail áitiúla i ngach ceann de na limistéir tionscadail a chur chun cinn.
- Talmhaíocht nuálaíoch a chur chun cinn trí thacú le cuir chuigí nua i leith bainistiú talún a bhaineann le haidhmeanna an tionscadail.
- Deiseanna margaidh a chomhlánaíonn spriocanna comhshaoil foriomlána an tionscadail a fhorbairt do tháirgeoirí talmhaíochta.
- Tacú le taighde agus le forbairt atá bainteach le haidhmeanna an tionscadail.

PEARL MUSSEL PROJECT

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Tionscadal Abhainn Ealla

Feirmeoireacht Dhúiche Ealla ar son Abhantracha Blue Dot

Suíomh Geografach	IE 053 Réigiún an Iardheiscirt
Eochairfhocail	Cleachtas feirmeoireachta, Tírdhreach, Toirchiú agus Bainistíocht Chothaitheach, Bainistíocht Uisce, Bithéagsúlacht, Bainistíocht an Dúlra
Ceannaire an Tionscadail	Dr Darren Reidy, IRD Duhallow (ríomhphost: darren.reidy@irdduhallow.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,460,707

Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá cosaint dobharlach lena ngabhann ardstádas éiceolaíochta, mar atá sainithe sa Chreat-Treoir maidir le hUisce (CTU), ina tosaíocht náisiúnta i dtaca le cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Abhantrach d'Éirinn 2018-2021 (PBA). Cuireann réimse na talmhaíochta brú suntasach ar dhobharlaigh lena ngabhann ardstádas agus beidh na bearta a bheidh ag teastáil níos forleithne ná na cinn atá ar fáil faoi láthair faoi chláir reatha a bhaineann le cosaint an agra-chomhshaoil.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo stádas dobharlaigh ardstádais in abhantrach thalmhaíochta (Abhainn Ealla, Dúiche Ealla, Co. Chorcaí) a athbhunú trí chur chuige comhoibríoch faoi cheannas dreamanna áitiúla agus é dírithe ar fheirmeoirí, idir fheirmeoirí a bhfuil taithí acu ar bhearta saincheaptha ardstádais caomhantais agus fheirmeoirí nach bhfuil aon taithí den sórt sin acu.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Dobharlaigh ardstádais i sprioclimistéar an tionscadail a athbhunú agus a chosaint;
(ii)Scéim íocaíochta thorthaí-bhunaithe trí leibhéal, faoi cheannas ag dreamanna áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fheirmeoirí in abhantracha ardstádais.
(iii) Bearta saincheaptha a chur i bhfeidhm chun an tionchar riachtanach bainistíochta comhtháite abhantraí a bhaint amach trí mhalartú eolais idir feirmeoirí a bhfuil spriocdhobharlaigh acu;
(iv) Cur chuige eolaíochta saoránach ar an bhfeirm a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na feirmeoirí;
(v)Íocaíochtaí bithéagsúlachta agus gás ceaptha teasa a chur san áireamh sna bearta;
(vi) Fís don abhantrach a chruthú agus béim á leagan ar thábhacht an ardstádais do phobal feirmeoireachta agus sin a dhéanamh trí mhalartú eolais agus trí chaidreamh níos leithne leis an bpobal ina iomláine;
(vii) Faisnéis a chur ar fáil don bheartas náisiúnta agus do chláir náisiúnta maidir le dea-chleachtas i leith bainistíocht dobharlach ardstádais.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Clár torthaí-bhunaithe feirmeoireachta ar son an chaomhantais, agus é faoi cheannas dreamanna áitiúla, a fhorbairt agus a chur i gcrích ar mhaithe le hathbhunú agus cosaint dobharlach ard stádais ar 100 feirm i nDúiche Ealla trí dhreasachtú a dhéanamh i leith bearta saincheaptha ard stádais agus straitéisí bainistíochta cothaitheach atá forbartha faoi thionscadail chaomhantais ard stádais roimhe seo sa cheantar, ar thionscadail iad a bhí dírithe ar fheirmeacha.
- Comhtháthú a dhéanamh le Water MARK chun tuilleadh leasa a bhaint as foghlaim shóisialta thar abhantracha agus chun feabhas a chur ar bhainistíocht chothaitheach.
- 5 fheirm thaispeána a bhunú chun an raon iomlán beart atá ag teastáil a chur ar taispeáint.
- Trí ghrúpaí agus ceardlanna malartaithe eolais a eagrú ar fud na habhantraí, tús a chur le comhroinnt eispéireas feirmeoirí i leith scéimeanna agra-chomhshaoil agus tionscnaimh bainistíochta cothaitheach/caomhantais. Trí bhíthin foghlaim shóisialta, spreagfaidh an grúpa sin comhthuiscint i dtaobh cad atá ag teastáil chun láithreáin ardstádais a chaomhnú trí athrú iompair agus trí bhearta a chur i bhfeidhm ó fheirm go feirm.
- Dreasachtú a dhéanamh i leith tairbhí breise bithéagsúlachta agus gás ceaptha teasa a bhaineann le bearta atá beartaithe agus bearta atá forbartha.
- Oibriú le feirmeoirí trí chur chuige eolaíochta saoránach i ndáil le tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht príomhbheart.
- Comhthuiscint a bhunú i dtaobh 'cad is brí le dobharlach ard stádais do phobal áitiúil' trí fhís don dobharlach lena mbaineann a chruthú le linn cruinnithe malartaithe eolais.
- Oibriú leis an tionscal chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na bhfeirmeoirí trí bhíthin tuilleadh dreasachtaí.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Athghiniúint Bithéagsúlachta i dTimpeallacht Déiríochta (BRIDE)

Suíomh Geografach	IE 053 Réigiún an Iardheiscirt
Eochairfhocail	Scéimeanna Torthaí-bhunaithe, Talamh Feirme, Inbhuanaitheacht, Seirbhísí Éiceachórais, Bithéagsúlacht, Fiadhúlra, Fálta Sceach, Éin, Inveirteabraigh, Pailneoirí, Veirteabraigh, Mamaigh
Ceannaire an Tionscadail	Donal Sheehan (ríomhphost: dcsheehan@eircom.net)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,100,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Maidir le talamh feirme de chineál dianbhainistithe in Éirinn, tá rátaí ísle rannpháirtíochta iontu i dtaca le scéimeanna agra-chomhshaoil (agus roghanna gaolmhara i leith fiadhúlra) de. Dá ainneoin sin, is é an talamh feirme chéanna is minice a bhíonn páirteach i Scéimeanna Deimhnithe Cáilíochta agus Inbhuanaitheachta agus is é an talamh chéanna ar dóiche ina leith go mbeidh plean saincheaptha ag teastáil ina leith chun gnáthóga fiadhúlra talún feirme a chothú agus a fheabhsú.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal cur chuige cost-éifeachtach torthaí-bhunaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun gnáthóga a chaomhnú, a fheabhsú agus a athbhunú ar thalamh feirme dhiansaothraithe ísealtalún agus chun feasacht náisiúnta a fheabhsú i ndáil leis na roghanna atá ar fáil chun fiadhúlra ar thalamh feirme dhianbhainistithe a chothú agus a fheabhsú gan difear míchuí a dhéanamh don táirgeadh talmhaíochta.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas thar thréimhse cúig bliana i gcomhar le grúpa ina mbeidh suas go caoga feirmeoir i nGleann na Bríde, Co. Chorcaí, ar cuid de Limistéar Caomhantais Speisialta na hAbhann Móire é:

(i) Scrúdú a dhéanamh ar chur chuige nuálach torthaí-bhunaithe i leith fiadhúlra ar thalamh feirme dhianbhainistithe;
(ii) Roghanna nuálacha i leith athbhunú, caomhnú agus feabhsú gnáthóg talún feirme a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas;
(iii) Feabhas a chur ar chumarsáid agus ar scaipeadh faisnéise faoi rannchuidiú thalamh feirme na hÉireann le caomhnú na bithéagsúlachta, go háirithe ar thailte féaraigh dianbhainistithe;
(iv) Cruthú éilimh mhargadh-bhunaithe ón tionscal agraibhia ar sholáthar seirbhísí éiceachórais ag feirmeoirí a éascú.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Plean Bainistíochta a ullmhú i gcomhar le feirmeoirí rannpháirteacha, ar plean é ina sainaithnítear tosaíochtaí agus gníomhartha chun fiadhúlra talún feirme a chothú/fheabhsú. Beidh gníomhartha feirm-bhunaithe dírithe ar ghnáthóga talún feirme amhail iad seo a leanas: bainistíocht fálta sceach, imill pháirce, coinleach geimhridh a choinneáil ar fheirmeacha arbhar, plásáin fuiseog, stráicí maolánacha bruachánacha, linn buan a chruthú, gnáthóga láithreacha feirme a chaomhnú, coillearnach dhúchasach, boscaí neadaireachta agus boscaí ialtóige a shuiteáil, rialú creimirí agus rialú speiceas ionrach.
- Faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht na gcineálacha fásra, na bplandaí, na n-éan, na n-ialtóg agus na bpailneoirí, agus úsáid á baint as bunlíne agus suirbhéireachtaí leanúnacha.
- Ceachtanna a fhoghlaimítear ón tionscadal a scaipeadh, ar bhealaí éagsúla, ar raon leathan geallsealbhóirí.

BRIDE Project
Farming with Nature

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Bithmhais go Bithghualach le haghaidh Bithgheilleagar Feirme (BBFB)

Suíomh Geografach	IE 051 Réigiún an Mheán-Iarthair
Eochairfhocail	Bithmhais, Pirealú, Bithghualach, Nuálaíocht
Ceannaire an Tionscadail	Bernard Carey (ríomhphost: loughdergcharcoal@gmail.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2021
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€998,377

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal léiriú a dhéanamh ar an luach atá ag bithmhais talmhaíochta nach bhfuil ag teastáil/nach n-úsáidtear (luachair, aiteann, raithneach, coll, iarmhar fómhair foraoise) mar acmhainn luachmhar maidir le táirgeadh bithghualaigh trí chur chuige saolré a chur i bhfeidhm i leith cleachtais reatha rialaithe/bainistíochta fásra feirme agus tá sé mar aidhm aige freisin úsáid dhíreach a bhaint as an táirge bithghualaigh sin chun bithgheilleagar nuálach a chothú ar an bhfeirm, agus ar shiúl uaithi, chomh maith le seirbhísí éiceachórais iartheachtacha eile a sholáthar.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Sruth luachmhar bithmhaise a fhorbairt ó bhithmhais talmhaíochta nach bhfuil á húsáid faoi láthair trí chleachtais éifeachtacha bearrtha, bailithe agus próiseála a chur ar taispeáint i roinnt limistéar píolótach tipiciúil;
(ii)Agus úsáid á baint as Aonad Soghluaiste Pirealaithe (ASP) a oireann do dhálaí na hÉireann, léiriú a thabhairt ar conas is féidir an bhithmhais sin nach n-úsáidtear a thiontú ina táirgí tráchtála amhail bithghualach;
(iii) Feabhas a chur ar bhainistíocht inbhuanaithe áitiúil talún chun táirgiúlacht a mhéadú, chun bithéagsúlacht a mhéadú agus chun inbhuanaitheacht eacnamaíochta a mhéadú (rannchuidiú leis an mbithgheilleagar) trí chleachtais nua bithmhaise agus trí úsáid chuí a bhaint as bithghualach;
(iv) A thaispeáint gur féidir le húsáid bithmhaise méadú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht bithgheilleagar áitiúil, agus cabhrú leis an agrai-earnáil trí laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, trí thoirchiúlacht agus trí tháirgiúlacht na talún a fheabhsú, agus trí cháilíocht uisce a chosaint;
(v)Ardán a chruthú le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí atá díríthe ar thaighde, agus úsáid á baint as an gréasán soláthar bithmhaise atá ann cheana féin agus as na sócmhainní táirgthe bithmhaise i suíomhanna cuí, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú an bhithghualaigh le seirbhísí éiceachórais agus d'fhonn an tionchar comhshaoil a bhaineann lena húsáid ar thalamh a chinneadh;
(vi) 'Cruthúnas coincheapa' a sholáthar (don rialtas náisiúnta/áitiúil agus d'úinéirí talún áitiúla) á léiriú gur féidir leis an bpobal áitiúil agus an stát ina iomláine tairbhe eacnamaíochta a fháil ó shruthanna bithmhaise nach bhfuil á n-úsáid faoi láthair.

Réasúnaíocht an Tionscadail

In Éirínn, áitíonn bithmhais nach n-úsáidtear le haghaidh beathú beostoic achar mór talún talmhaíochta. Cuimsíonn an bhithmhais sin luachair (Juncuc spp.) go formhór, chomh maith le Raithneach (Pteridium), Aiteann (Ulex spp.), Coll (Corylus) agus Fraoch (Calluna). Níl aon fhearachas ag teastáil chun na sruthanna bithmhaise sin a tháirgeadh; ach caitear méid mór airgid gach bliain chun iad a rialú (i.e. bearradh agus diúscairt), ar mhodhanna ceimiceacha nó meicniúla, chun comhlíonadh a chinntiú maidir le scéimeanna deontas AE agus chun críocha caomhantais faoi GLAS. Is é a leanann as sin ná úsáid fhorleathan luibhicídí agus táirgeadh srutha bithmhaise nach bhfuil ag teastáil.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- ASP a dhearadh, a thógáil agus a thástáil.
- Fómhar bithmhaise i measc feirmeoirí/úinéirí talún iolracha a chomhordú.
- Próiseáil bithmhaise go bithghualach ar an láthair.
- Rialú cáilíochta, anailís saotharlainne.
- Samplaí réamhphróiseála agus iarphróiseála a thástáil.
- Straitéis mhargaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear taighde, margaíocht agus úsáidí deiridh bithghualaigh chreidiúnaithe.
- Anailís saolré a dhéanamh.
- Cumarsáid agus aistriú teicneolaíochta idirnáisiúnta. Acmhainní láithreáin gréasáin agus meán digiteach, tuarascálacha, gníomhaíochtaí taispeána, comhdháil deiridh.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Bithscaglann Ghlas - Bithscaglanna Glasa Beagscála faoi cheannas Feirmeoirí

Suíomh Geografach	IE 053 Réigiún an Iardheiscirt
Eochairfhocail	Bithgheilleagar, Bithscaglann, Bithgheilleagar Ciorclach, Éifeachtúlacht Acmhainní, Astaíochtaí Amóinia, Cothaithigh, Farae, Seasmhacht ó thaobh na hAeráide de, Éagsúlú
Ceannaire an Tionscadail	James Gaffey, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí (ríomhphost: James.gaffey@staff.ittralee.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2020
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€940,498

Réasúnaíocht an Tionscadail

Le blianta beaga anuas, tá aird á tarraingt ar an earnáil talmhaíochta le linn d'Éirinn a bheith ag féachaint le dícharbónú a dhéanamh ar a geilleagar agus déileáil leis na dúshláin agus leis na gealltanais atá leagtha amach faoi Chomhaontú Aeráide agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Pháras. Ós rud é go n-éiríonn os cionn an tríú cuid de na hastaíochtaí náisiúnta Gás Ceaptha Teasa (GCT) as an earnáil talmhaíochta faoi láthair, d'aontódh an chuid is mó daoine go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach. Fágann slabhra soláthair ilroinnte na hÉireann agus an limistéar ardtáirgthe féir atá ann gurb ionann bithscaglanna beagscála agus príomhréimse deise do bhithgheilleagar méadaitheach na hÉireann, go háirithe i réigiúin tuaithe.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhoriomlán, ar luach agus ar éifeachtúlacht acmhainne earnáil talmhaíochta na hÉireann trí éagsúlú isteach sa bhithgheilleagar, agus úsáid á baint as scaglann féir bheagscála atá inmhacasamhlaithe go forleathan agus atá inoibrithe ag feirmeoirí.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí traidisiúnta feirmeoireachta agus deiseanna le haghaidh éagsúlú a sholáthar d'fheirmeoirí trí theicneolaíochtaí nua a chomhtháthú, rud a spreagfaidh slabhra forbartha nua luacha;
(ii) Sásra inmharthana a chur ar taispeáint i ndáil le húsáid níos fearr a bhaint as chúltacaí náisiúnta próitéine trí bhíthin bithscaglanna beagscála.
(iii) Laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT-anna a bhaineann le cúrsaí talmhaíochta agus a thagann chun cinn san agrai-earnáil go neamhdhíreach (trí dhíláithriú allmhairí pónairí soighe) agus go díreach (trí laghdú ar astaíochtaí foriomlána nítrigine agus fosfáite i bhfearadh eallaigh);
(iv) Sprioc 40% a bheith ann maidir le próitéin inúsáidte in aghaidh an heicteáir de thalamh féaraigh na hÉireann, rud a rannchuideoidh go mór le cúltacaí dúchasacha beathaithe;
(v)Múnla a chomhtháthaíonn go héasca isteach i struchtúir thalmhaíochta láithreacha na hÉireann a chur ar taispeáint.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Bithscaglann bheagscála shoghluaiste a chur ar taispeáint ar fheirmeacha iolracha in Iardheisceart na hÉireann.
- A chinntiú go mbaintear úsáid as gach comhchuid d'fhéar go feadh méid uasta a luacha agus, agan am céanna, táirgíiolracha a tháirgeadh ó fhéar, lena n-áirítear snáithín brú-cháca farae feabhsaithe d'eallach, beathú tiúcháin próitéine d'ainmhithe neamh-athchogantacha, siúcraí réamhbhitheacha ardluacha (do na margaí bia agus beathaithe) agus aisghabháil cothaitheach lena n-úsáid mar leasachán.
- Siombóis agus comhoibriú ó fheirm go feirm a chur chun cinn.
- Roinnt gníomhaíochtaí malartaithe eolais a éascú, lena n-áirítear feirmeoirí a oiliúint i ndáil le hoibriú bithscaglann beagscála san Iardheisceart agus ar bhonn náisiúnta.
- Pacáiste scaipthe faisnéise a chur ar fáil agus ról lárnach ag feirmeoirí i dtaca leis sin trína dtaithí a chomhroinnt le feirmeoirí eile agus le gníomhaithe iolracha iomchuí trí thionscnamh digiteach inste scéil.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Todhchaí Feirmeoireachta an Staighre Dhuibh

Tionscadal Feirmeoireachta Inbhuanaithe i gceantar an Staighre Dhuibh

Suíomh Geografach	IE 052 Réigiún an Iardheiscirt
Eochairfhocail	Natura 2000, Gnáthóga Ardtalún, Coimín, Feirmeoireacht Ardluacha Dúlra, Riala-chas, Comhoibriú, Earraí Poiblí, Seirbhísí Éiceachórais, Faoi Cheannas Dreamanna Áitiúla, Bithéagsúlacht, Inmharthanacht Feirme
Ceannaire an Tionscadail	Martin Shannon, Blackstairs Farming Group (ríomhphost: martinshannon160@gmail.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,500,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Mar thoradh ar aosú an daonra feirmeoireachta agus ar ioncaim ísle ó aschuir feirmeoireachta cnoic i gceantar an Staighre Dhuibh agus sa cheantar máguaird, tá baol níos mó ann go dtréigfear an talamh agus tá bagairt ann maidir le stádas fabhrach a bhaint amach do na gnáthóga leathnádúrtha agus do na speicis ghaolmhara arb ábhar imní iad ó thaobh cúrsaí caomhantais de in LCS an Staighre Dhuibh.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sruth nua ioncaim a fhorbairt d'fheirmeoirí coimín i gceantar an Staighre Dhuibh i leith seirbhísí nuálacha éiceachórais a chur ar fáil agus, ag an am céanna, i leith feabhas a chur ar dhálaí gnáthóige in LCS an Staighre Dhuibh agus i ngnáthóga leathnádúrtha atá tadhlach leis (tailte móna, fraochmhánna agus tailte féaraigh).

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Bainistíocht inbhuanaithe ar Thalamh Feirme Ardluacha Dúlra agus béim á leagan ar ghnáthóg a chur ar fáil a oireann don chearc fhraoigh, ar speiceas é is ábhar imní ó thaobh caomhantais de in Éirinn, agus ar bhithéagsúlacht ardtalún eile a chur ar fáil;
(ii) Scéim íocaíochta agra-chomhshaoil torthaí-bhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar ghnáthóga leathnádúrtha agus ar thailte coimín;
(iii) Múnla éifeachtach rialachais coimín a fhorbairt agus a thástáil d'Éirinn chun tacú le comhoibriú laistigh de choimíneachtaí agus idir coimíneachtaí agus le geallsealbhóirí eile ar mhaithe le hoibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha agus ar dhúshláin amach anseo;
(iv) Ról a thabhairt don phobal i gcoitinne maidir le comhshaol, cultúr agus traidisiúin na feirmeoireachta sna hardtailte.



Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Gné thorthaí-bhunaithe - Luaíocht a thabhairt maidir le dálaí maithe gnáthóige san LCS agus i ngnáthóga tadhlacha ag a bhfuil luach leathnádúrtha agus córas scórála i leith táscairí nó saintréithe á úsáid
- Gníomhartha comhlántacha - Teicníochtaí dea-chleachtais a úsáid i gcás inar gá sin chun cáilíocht na gnáthóige a fheabhsú lena n-áirítear plandáil Choillte a fhálú; rialúraithní; áiseanna innilte spriocdhírithe; bainistíocht scrobarnaí; speicis ionracha a dhíothú agus a rialú; eallach a thabhairt ar ais, b'fhéidir; dó-chlár bainistithe a chur i bhfeidhm; cosaint neadacha/rialú creachadóirí agus feabhas a chur ar rianta rochtana ar choimíneachtaí.
- Gníomhaíochta comhlántacha feab-hsúcháin - Láithreáin seandálaíochta a chosaint agus a fheabhsú; Ballaí cloiche eibhir traidisiúnta áirithe, ar ballaí iad a thacaíonn le bainistíocht inbhuanaithe gnáthóige, a dheisiú.
- Oiliúint agus méadú feasachta - Ar fáil do gach rannpháirtí ionchasach agus do chomhairleoirí feirme ar bhonn leanúnach
- Faireachán agus measúnú leanúnach tionscadail ar roinnt leibhéal, lena n-áirítear modheolaíocht, tionchar i gcomparáid le spriocanna sonracha bithéagsúlachta, éifeachtacht agus tairbhí níos leithne an tionscadail don phobal i gcoitinne.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Caomhnú Arann

Bainistiú na nGnáthóg ar Oileáin Árann chun a nAschur Talmhaíochta agus Éiceo-laíochta a Uasmhéadú

Suíomh Geografach	IE 042 Réigiún an Iarthair
Eochairfhocail	Feirmeoireacht Ardluacha Dúlra, Toradh-Bhunaithe, Agra-chomhshaol, Bithéagsúlacht, Táirgeadh Síolta Fiáine, Easnamh Fosfair, Bainistíocht Ghnáthóg, Táirgeadh Eallaigh
Ceannaire an Tionscadail	Caomhnú Árann (ríomhphost: aranlifeproject@gmail.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,450,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Is ar Oileáin Árann a fhaightear cuid de na samplaí is teirce agus is luachmhaire de chuid na hÉireann agus na hEorpa i dtaca le pábháil aolchloiche, tailte féaraigh cailcearacha ina bhfuil saibhreas magairlíní agus gnáthóg mhachaire de. Ach, de bharr ioncaim feirme measartha íseal, gabháltais bheaga agus il-roinnte, talamh íseal-táirgiúlachta modhanna ard-déine saothair caomhantais agus nithe eile, níl an ghnáthóg ardtosaíochta seo á cothabháil go dóthanach, rud a fhágann go bhfuil cailliúint éagsúlachta speiceas, imfhás agus cúlú go scrobarnach ag tarlú.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal gnáthóga tosaíochta ar Oileáin Áranna chosaint agus a athbhunú ar chostas níos ísle agus ar bhealach níos cost-éifeachtach trí mhodhanna nuálacha feabhsaithe agus caomhnaithe gnáthóg a scrúdú agus a fhorbairt agus, chomh maith leis sin, trí fhorlíonadh fosfair ar na hOileáin a choimeád chomh híseal agus is féidir.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Scrúdú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí a mhéadaíonn cáilíocht agus aonfhoirmeacht measúnachtaí gnáthóg agus, ag an am céanna, a laghdaíonn an diansaothar agus an costas riaracháin a bhaineann le bearta agra-chomhshaoil i leith caomhnú agus feabhsú;
(ii)Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna neamh-fhóirdheontais chun leibhéil ioncaim feirme a fheabhsú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail tréigean na talún, leibhéal innilte ró-íseal, diansaothrú, cailleadh córas bainistíochta traidisiúnta agus cailleadh gaolmhar eolais, ar nithe iad sin a dhíghrádaíonn stádas caomhantais gnáthóg tosaíochta;
(iii) Imscrúdú a dhéanamh ar mhodhanna nuálacha cost-éifeachtacha chun fosfar a chur ar fáil don eallach ar Oileáin Árann, ar modhanna iad a íoslaghdaíonn aon éifeacht dhochrach ar shaibhreas agus ar ilchineálacht speiceas;
(iv) Stádas caomhantais 1,500 heicteár de ghnáthóga tosaíochta a fheabhsú;
(v) I dtaca le caomhnú na ngnáthóg tosaíochta ar Oileáin Árann de, tuiscint, meas agus rannpháirteachas a fheabhsú i measc na príomh-gheallsealbhóirí go léir.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Córas scórála simplithe gnáthóige a fhorbairt a chumasaíonn d'fheirmeoirí féinmheasúnacht a dhéanamh ar stádas gnáthóige na talún, de bhreis ar mheasúnú éifeachtúil éifeachtach a dhéanamh ar scórtha féinmheasúnachta na bhfeirmeoirí;
- Uirlisí cianbhraiteachta a fhorbairt le haghaidh scóráil gnáthóige, spriocdhíriú oibre, faireachán agus measúnacht oibre, agus iniúchadh;
- Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna ísealdéine saothair i leith bainistíocht gnathóige; e.g. luibhicídí micrea-dháileogachta a sholáthar le dróin;
- Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna nuálacha feabhsaithe ioncaim feirme chun maolú a dhéanamh ar thréigean na talún ar na hoileáin (e.g. modhanna chun fosfar a chur ar fáil d'aon turas chun bainistíocht a dhéanamh ar leibhéal íseal ainsealach fosfair in eallach agus, chomh maith leis sin, fómhar síolta a chur i gcrích agus cóireáil a dhéanamh ar shíolta ó thailte féaraigh na n-oileán atá saibhir i dtaca le speicis de.
- Na teicníochtaí bainistíochta is fearr a chur ar taispeáint a mhéid a bhaineann le bainistíocht inbhuanaithe gnáthóg tosaíochta tríd an leibhéal is fearr innilte a choimeád ar bun ar Oileáin Árann.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Cúlra Créafóige

Clár Athnuachana an tSaothraithe

Suíomh Geografach	IE 041 Réigiún na Teorann
Eochairfhocail	Nuálaíocht, Saothrú, Tírdhreach Feirme Bige, Barra, Turasóireacht, Bithéagsúlacht
Ceannaire an Tionscadail	Lárionad Acmhainní Nádúrtha Ctr. (LAN) (ríomhphost: laneipculra@gmail.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€583,010

Réasúnaíocht an Tionscadail

Aithnítear go bhfuil táscairí an-olc socheacnamaíochta ann i bParóiste Gaeltachta Chloich Cheann Fhaola i gContae Dhún na nGall. Léiríonn faisnéis agus anailís daonáirimh atá faighte le déanaí go bhfuil daonra an cheantair ag laghdú, go bhfuil rátaí arda eisimirce ann, fo bhfuil leibhéil arda dífhostaíochta ann agus go bhfuil an pobal atá ann ag dul in aois. Feirmeoirí beagscála is mó a bhainistíonn an talamh sa cheantar agus tá cuid mhór dáileachtaí talún ann nach n-úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta sin nó tá tréigean na feirme i ndán dóibh. Thar an tréimhse 40 bliain atá imithe tharainn, tá beagnach gach cleachtas traidisiúnta saothraithe agus curaíochta tréigthe sa tírdhreach feirmeoireachta seo.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo bríomhaireacht agus athnuachan socheacnamaíochta Chloich Cheann Fhaola a spreagadh trí thacú le fiontair bheagscála feirmeoireachta sa cheantar, agus trí fhiontair den sórt sin a athbhunú, trí scileanna nua a chur ar fáil agus trí bhíthin gníomhaíochtaí saothraithe thrialaigh.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Teimpléad a chur ar fáil ar dá réir a dhéantar dáileachtaí talún fiontraíochta de chuid feirmeacha beostoic neamhghníomhacha a úsáid le haghaidh saothrú malartach agus úinéirí beostoic agus daoine eile a chur ar an eolas faoi na tairbhí a ghabhann le saothrú;
(ii)Faireachán agus asamhlú a dhéanamh maidir leis na sonraí ábhartha go léir faoi fhás agus faoi luach margaidh
(iii) Scileanna nua agus oiliúint a chur ar fáil do phríomh-gheallsealbhóirí éagsúla áitiúla;
(iv) Íomhá dhearfach áitiúil agus gaolmhaireacht chompordach idir an pobal agus gníomhaíochtaí saothraithe a chruthú.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- 4.86 heicteár de thailte úra a athshlánú, a threabhadh agus a phlandáil gach bliain.
- Plandáil a dhéanamh agus dlúthfhaireachán a dhéanamh ar gach gné de na barra plandáilte, mar atá, Coirce Earraigh agus Geimhridh, Cál Ghort an Choirce, Gairleog, Ros Lín, Neantóga, Lus na gCnámh Briste agus Siocaire.
- Plean comhtháite a cheapadh chun na gnéithe riachtanacha go léir den chlár seo i leith athnuachan an tsaothraithe a chur i bhfeidhm.
- Tuiscint mhionsonraithe a fháil ar na príomhspreagthóirí fáis agus ar luach foriomlán táirgí éagsúla.
- An leibhéal riachtanach scileanna nua do rannpháirtithe a shainaithint.
- Scrúdú a dhéanamh ar na tairbhí pobail agus micreaghnó a éiríonn as gníomhaíocht saothraithe.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Grúpa Feirmeoireachta DANÚ

Plean Tionscadail maidir le Clár i gcomhair Aistriú chuig Feirmeoireacht

Suíomh Geografach	Éire (gan bheith teoranta do réigiún amháin)
Eochairfhocail	Feirmeoireacht Bhitheolaíochta, Feirmeoireacht Inbhuanaithe, Bithéagsúlacht
Ceannaire an Tionscadail	David Wallis (ríomhphost: wallis.david94@gmail.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€400,000



Réasúnaíocht an Tionscadail

Is é atá i bhfeirmeoireacht bhitheolaíochta ná cur chuige iomlánaíoch i leith bainistíocht ithreach, barr agus féaraigh trína ndéantar na comhchodanna agranamaíocha, comhshaoil, cothaitheacha, fisiciúla, ceimiceacha agus bitheolaíochta de na nithe a fhágann go bhfuil ithir folláin. Cumascann sé na cleachtais is fearr de chuid na gnáthfheirmeoireachta agus na feirmeoireachta orgánaí, agus béim á leagan ar ithreacha táirgiúla a léiríonn ardleibhéil gníomhaíochta bitheolaíochta a chruthú. Tá prionsabail na feirmeoireachta bitheolaíochta á nglacadh níos mó ná riamh i gcuid mhór tíortha ar fud an domhain de réir mar atá méadú ag teacht ar an bhfianaise gur féidir le cleachtais na feirmeoireachta sin a bheith ina gcúis le táirgeadh bianna, beathuithe agus foráistí dlúthchothaitheacha, de bhreis ar íoslaghdú a dhéanamh ar ghalair phlanda ós rud é go n-úsáidtear an méid luibhicídí agus feithidicídí is ísle agus is féidir nó nach n-úsáidtear iad ar chor ar bith. Mar thoradh ar chineál láithreach na gcóras ard-aschuir curaíochta agus féaraigh atá á n-oibriú in Éirinn faoi láthair tá níos mó spéis á cur i gcleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe, amhail feirmeoireacht bhitheolaíochta, agus tá níos mó daoine toilteanach cleachtais den sórt sin a ghlacadh chucu féin.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal córas maidir le clár i gcomhair aistriú ó ghnáthfheirmeoireacht chuig feirmeoireacht bhitheolaíochta a fhorbairt do ghrúpa sé dhuine dhéag atá tagtha le chéile chun foghlaim faoi bhunphrionsabail na feirmeoireachta bitheolaíochta, agus na bunphrionsabail sin a chur i bhfeidhm, mar iarracht chun bia, beathú agus foráistí lena ngabhann ardcháilíocht chothaitheach a tháirgeadh.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha feirmeoireachta chun laigí sna córais bhainistíochta ithreach, barr agus féaraigh atá ann anois a shainaithint.

(ii) Treoirlínte soiléir inoibrithe a fhorbairt le haghaidh clár rathúil cost-éifeachtach i gcomhair aistriú chuig feirmeoireacht bhitheolaíochta, ar clár é a bheidh aon fheirmeoir ag a bhfuil spéis san ábhar in ann é a chur i bhfeidhm ar bhonn tuiscint fhónta ar struchtúr, ar cheimic agus ar bhitheolaíocht ithreach agus ar chothú plandaí;

(iii) Ardleibhéil feidhme bitheolaíochta ithreach a fhorbairt agus a chothabháil chun táirgeadh bianna, beathuithe agus foráistí dlúthchothaitheacha a éascú, de bhreis ar a chur faoi deara go mbeidh méadú ar ábhar orgánach san ithreach mar aon le méadú ar an acmhainneacht i leith ceapadh carbóin.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Plásáin a chur ar bun, a rialú agus a thriail ar dhá fheirm déag. Cuimseoidh an fhaisnéis bhunlíne measúnachtaí suibiachtúla agus tomhais oibiachtúla (i.e. tástálacha cuimsitheacha ithreach agus bithmheasúnachtaí). Cinnfear an chóireáil de réir thorthaí na nithe sin.
- Thar ré an tionscadail, úsáidfear cóireáil chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht agus ar fheidhm bhitheolaíochta ithreach. Coigeartófar an chóireáil ar bhonn éifeachtúlacht na cóireála lena mbaineann.
- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar phlásáin rialaithe agus trialach thar ré an tionscadail, agus leas á bhaint as raon tomhas allamuigh agus saotharlainne.
- Faireachán a dhéanamh ar chostais ionchuir rialaithe agus trialach agus ar luachanna aschuir chun costas an phróisis aistrithe a mheas.
- Cruinnithe, ceardlanna agus laethanta staidéir i rith ré iomlán an tionscadail d'fhonn plé a dhéanamh. I mblianta 3, 4 agus 5, laethanta oscailte a sheoladh do na feirmeoirí go léir a bhfuil spéis acu san ábhar.
- Torthaí a scaipeadh trí mheáin éagsúla ar bhonn leanúnach (e.g. cuirfear cuntas Grúpa Feirmeoireachta Bitheolaíochta Dhanú ar bun ar ardáin mheán sóisialta amhail Facebook agus Twitter).

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Curaíocht Chaomhantais a Chumasú (ECT)

Córais Inbhuanaithe Curaíochta Caomhantais a Ghlacadh ar bhonn níos

Suíomh Geografach	Éire (gan bheith teoranta do réigiún amháin)
Eochairfhocail	Curaíocht, Caomhantas Agri, Fiailí Féir, Brómas Aimrid, Fiteog, Barra Chlúdaigh, Seasmhacht in aghaidh Luibhicídí, Beaichte Agri, Malartú Eolais, Cur Chuige Rannpháirtíochta
Ceannaire an Tionscadail	Michael Hennessy, Teagasc (ríomhphost: Michael.hennessy@teagasc.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,000,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

I gcuid mhór réigiún den domhan táthar tar éis teicníochtaí Talmhaíochta Caomhantais (CA), ina n-úsáidtear saothrú ithreach is ísle déine, a ghlacadh chun laghdú a dhéanamh ar chostais táirgiúlachta agus chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht. Ach bhí drogall ar fheirmeoirí curaíochta na hÉireann teicníochtaí CA a ghlacadh mar gheall ar ábhar imní faoi fhiailí féir agus faoi bhunú barr in aeráid mheasartha de chineál níos fliche. Tá an easpa rannpháirteachais sin ina bagairt ar inbhuanaitheacht agus ar iomaíochas tháirgeadh na mbarr arúil in Éirinn.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal glacadh cleachtas talmhaíochta caomhantais a chumasú ar fheirmeacha curaíochta na hÉireann trí na scileanna eolais agus an acmhainneacht a chur ar fáil d'fheirmeoirí d'fhonn rialú éifeachtach fiailí féir a bhaint amach, de bhreis ar thús áite a thabhairt do mhalartú eolais agus nuálaíochta ó fheirmeoir go feirmeoir.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Líonra 10 gcinn de 'Fócas-Fheirmeacha' curaíochta a bhunú ar fud na hÉireann agus fásóirí CA agus gnáthfhásóirí ina measc chun feidhmiú mar fhoinse eolais agus mar ardán scaipthe eolais;
(ii) Na meascáin is fearr teicníochtaí le haghaidh rialú fiailí féir i gcás córais éagsúla bunaithe barr a fhorbairt, a mheasúnú agus a chur ar taispeáint ar na Fócas-Fheirmeacha sin;
(iii) Na nithe a imríonn tionchar ar leitheadúlacht fiailí féir ar fheirmeacha CA agus ar ghnáthfheirmeacha a chinneadh;
(iv) Áiseanna praiticiúla ar féidir iad a úsáid sa tionscal chun fiailí féir a shainaithint agus a chainníochtú a chomhdhearadh in éineacht le feirmeoirí agus na meascáin chuí beart rialaithe fiailí féir a roghnú;
(v)Treoir a thabhairt d'fheirmeoirí le linn dóibh barra chlúdaigh a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú mar bheart rialaithe fiailí féir;
(vi) I gcás na bpríomhspeiceas fiailí féir, leibhéal agus foinse sheasmhacht fiailí féir in aghaidh luibhicídí a shuíomh;
(vii) Cur chuige de chineálach nuálacha i leith rialú fiailí a mheas agus a thaispeáint, amhail sonraí a fhaightear ó dhróin a úsáid chun cur chuige rialaithe fiailí atá inathraithe ó thaobh na spásúlachta de agus úsáid rialú 'leictreach' fiailí a éascú.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Mol nuálaíochta a fhorbairt i gcomhar le feirmeoirí atá lárnach di ghrúpa mór geallsealbhóirí, agus nascthaleis, lena n-áirítear cóimeálaithe síolta, ceannaithe, comhairleoirí feirme, comhairleoirí speisialtóireachta, taighdeoirí agus monaróirí luibhicídí, agus béim shonrach á leagan ar dúshlán na bhfiailí féir a réiteach agus, sa tslí sin, glacadh CA a chumasú.
- Réitigh rialaithe fiailí a chomhfhorbairt i gcomhar le feirmeoirí atá tiomanta i leith na talmhaíochta caomhantais (CA), agus é mar thoradh air sin ná teacht ar uirlisí inúsáidte a mbeidh an tionscal ar fad in ann iad a úsáid.
- Béim láidir ar bhailíochtú agus ar thaispeáint ar pháirceanna na bhfásóirí a fhorbairt, agus leas á bhaint as trialacha mórscála bailíochtaithe i suíomhanna iolracha agus aistriú eolais ó phiara go piara á uasmhéadú.
- Beacht-teicníochtaí talmhaíochta a úsáid agus a thástáil, chomh maith le cur chuige nuálach rialaithe fiailí a chur i bhfeidhm.
- Leibhéal agus cineál na seasmhachta in aghaidh luibhicidí fiaile féir in Éirinn a chainníochtú, rud a sholáthróidh bonn fianaise le haghaidh cleachtais agus réitigh feirmeoireachta amach anseo.
- Sraith uirlisí nuálacha scaipthe faisnéise a fhorbairt, lena n-áirítear córas scórála i leith fiailí; físeáin; lámhleabhair oibríochtúla, etc.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Clár Feirmeoireachta Ráth Cruachan

Feirmeoireacht Inbhuanaithe i dTírdhreach Seandálaíochta Ráth Cruachan

Suíomh Geografach	IE 042 Réigiún an Iarthair
Eochairfhocail	Feirmeoireacht, Seandálaíocht, Caomhantas, Tírdhreach, Comhoibriú, Earraí Poiblí, Seirbhísí Éiceachórais, Faoi Ceannas Dreamanna Áitiúla, In-mharthanacht Feirme, Nuálaíocht, Bainistíocht Chomhtháite Acmhainní
Ceannaire an Tionscadail	Daniel Curley (ríomhphost: info@rathcroghan.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€984,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá Ráth Cruachan ina thírdhreach seandálaíochta dea-chaomhnaithe de chineál réamhstairiúil agus meánaoiseach, agus é suite ar fhéarach saibhir i gContae Ros Comáin. Tá an mhórláthair láithreán seandálaíochta atá ann sa cheantar san áireamh ar liosta sealadach na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le haghaidh Stádas Oidhreachta Domhanda UNESCO (Láithreáin Ríoga na hÉireann) mar aitheantas dá dtábhacht náisiúnta agus idirnáisiún-ta. Ach tá meath socheacnamaíochta ag tarlú i limistéar Ráth Cruachan agus sna ceantair thart air ós rud é go bhfuil córais feirmeoireachta tréadaí agus geilleagar lag an cheantair ina iomláine ag cur le leochaileacht na feirmeoireachta sa cheantar agus le leochaileacht an tírdhreacha luachmhair atá faoi chúram na bhfeirmeoirí. Is é an teannas sin idir an mhian, agus an ceanglas reachtúil go deimhin, chun an oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus, ag an am céanna, chun beatha a shaothrú ón talamh, an príomhdhúshlán atá le sárú ag pobal feirmeoireachta Ráth Cruachan.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo feabhas a chur ar dhálaí socheacnamaíochta na feirmeoireachta i Ráth Cruachan agus, ag an am céanna, an tírdhreach seandálaíochta lena ngabhann tábhacht idirnáisiúnta a chaomhnú agus a fheabhsú trí idirghabhálacha a dhéanamh a sholáthraíonn comhthairbhí do raon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le bithéagsúlacht, ceapadh carbóin agus cáilíocht uisce.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Tírdhreach Ráth Cruachan a bhainistiú ar mhodh oiriúnach agus béim á leagan ar riocht maith seandálaíochta a bhaint amach;
(ii) Córas bealaí rochtana dinimiciúla ar shéadchomharthaí Ráth Cruachan a cheapadh ar an talamh feirme sa limistéar;
(iii) Méadú a dhéanamh i measc an phobail i gcoitinne ar an bhfeasacht faoi thábhacht Ráth Cruachan mar thírdhreach seandálaíochta ar a ndéantar feirmeoireacht, agus ar an aitheantas a thugtar air sin, agus méadú a dhéanamh ar ról lárnach na bhfeirmeoirí maidir le cúram a thabhairt do thírdhreach beo Ráth Cruachan.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Córas bainistíochta a thriail agus a fhorbairt i gcomhar le feirmeoirí atá nasctha le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, le comhlachtaí náisiúnta iomchuí agus le gníomhaireachtaí stáit.
- Sraith réiteach nuálach bainistíochta a fhorbairt agus a thriail d'fhonn an limistéar a chothú mar thírdhreach feirmeoireachta agus na sócmhainní saibhre cultúir agus éiceolaíochta atá ann á gcur san áireamh.
- Dea-chleachtas feirmeoireachta agus seandála-íochta a thástáil agus a chur i bhfeidhm chun fair-eachán, bainistíocht, cothabháil agus feabhsú a dhéanamh ar an tírdhreach ársa cultúir ar mhodh a oireann do chúrsaí comhshaoil agus éiceolaíochta.
- Trí chaidreamh a bhunú leis na príomh-gheallsealbhóirí, cuirfear saineolas seandálaíochta ar fáil go háitiúil do Thionscadal Feirmeoireachta Ráth Cruachan d'fhonn tacú le bainistíocht réam-hghníomhach an tírdhreacha seandálaíochta ag feirmeoirí Ráth Cruachan.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Clár Fheirmeoirí Ardtalún Inis Eoghain

Suíomh Geografach	IE 041 Réigiún na Teorann
Eochairfhocail	Ardtalamh, Ainmhithe Buaibheacha, Innilt, Seamair Dhearg, Seamair Bhán, Crainn, Agrafhoraoiseacht, Fálta, Bithéagsúlacht, Aeráid, Uisce, Nítrigin
Ceannaire an Tionscadail	Henry O'Donnell (ríomhphost: henryodon@gmail.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€989,700

Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá cuid mhór deacrachtaí le sárú ag an bhfeirmeoireacht i Leithinis Inis Eoghain, Contae Dhún na nGall, faoi láthair mar gheall ar easpa ioncaim, easpa pleanála comharbais, ró-rialáil agus easpa dreasachtaí gan trácht ar dheacrachtaí eile atá ann. Is feirmeoirí páirtaimseartha iad chuid mhór feirmeoirí agus glacann siad le fóirdheontais feirmeoireachta mar an t-aon chineál amháin ioncaim atá acu ós rud é gur beag an fáltas a fhaightear óna ngníomhaíochtaí feirmeoireachta. Dá bhrí sin, ní mór ról agus cuspóir an fheirmeora pháirtaimseartha a ath-shainmhíniú agus ní mór meas a thabhairt ar an ról sin. Is é fírinne an scéil nach féidir leis an gcuid is mó feirmeacha in Inis Eoghain, agus ar fud na hÉireann go deimhin, ioncam dóthanach a ghiniúint. Ach dá mbeadh aon fháltas inbhraite ann mar thoradh ar tháirgeadh earraí poiblí d'fhéadfaí inbhuanaitheacht fhadtéarmach na bhfeirmeacha sin a fheabhsú.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo feabhas a chur ar inbhuanaitheacht eacnamaíochta na talún feirmeoireachta Ardluacha Dúlra (HNV) in Inis Eoghain trí raon beart nuálach a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a sholáthróidh inbhuanaitheacht chomhshaoil freisin trí mhéadú a dhéanamh ar an mbithéagsúlacht, trí fheabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus trí athrú aeráide a chomhrac.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas i gcomhar leo siúd a dhéanann feirmeoireacht ar ísealtalamh fheabhsaithe agus ar ardtalamh shléibhe araon:

(i) Teimpléad bainistíochta dea-chleachtais a chur ar fáil chun brabúsacht feirme a mhéadú agus chun a chinntiú go bhfuil an ghníomhaíocht feirmeoireachta atá ar siúl ag rannchuidiú le hioncam foriomlán teaghlaigh;

(ii) A thaispeáint go leanfaidh torthaí fadtéarma níos fearr as cur chuige uile-fheirme a ghlacadh, is é sin, cur chuige lena dtugtar aghaidh ar na gnéithe eacnamaíochta agus ar na gnéithe comhshaoil den ardtalamh shléibhe agus den ísealtalamh fheabhsaithe ar an bhfeirm;

(iii) A thaispeáint gur féidir feabhas a chur ar fháltais eacnamaíochta trí úsáid a bhaint as bearta amhail agrafhoraoiseacht agus nuálaíocht aeráid-chliste ar nithe iad a chuireann earraí comhshaoil poiblí ar fáil freisin.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

I gcomhar le foireann an tionscadail, cruthóidh feirmeoirí rannpháirteacha plean feirme trí úsáid a bhaint as sonraí a bhaileofar ó mhapáil spásúlachta a dhéanfar ar a bhfeirm chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Coillearnach leathandhuilleach a chomhtháthú isteach i dtalamh fheabhsaithe i suíomhanna réamhshainithe d'fhonn hidreolaíocht a fheabhsú.
- Chun pasáistí bithéagsúlachta a chruthú, fálta sceach a phlandáil go straitéiseach agus barrscoitheadh agus bainistíocht leanúnach a dhéanamh ar fhálta láithreacha ar an leibhéal tírdhreacha.
- Crainn agus fálta a phlandáil chun criosanna foscaidh a sholáthar, ar nithe iad sin a bhfuil sé léirithe ina leith go bhfeabhsaíonn siad gnóchan laethúil beomheáchain an bheostoic.
- Seamair a chur san áireamh agus aoil a úsáid chun toirchiúlacht ithreach a mhéadú agus chun laghdú a dhéanamh ar líon na leasachán ceimiceach a úsáidtear.
- Báinseacha seimre deirge a thriail le haghaidh táirgeadh sadhlais agus, ar an dóigh sin, laghdú a dhéanamh ar chostais bheatha.
- Léagúim mhalartacha a thriail mar fhoráiste
- Linnte lena ngabhann ilchuspóirí cruthaithe gnáthóige, maolaithe tuile agus soláthair uisce feirme a chruthú.
- Córais thrialacha innilte a thriail le heallach in áiteanna ina mbíonn caoirigh ag innilt de ghnáth chun an meascán agus an dlús is fearr a chur ar bun i leith bainistíocht bharrmhaith agus táirgeadh barrmhaith fásra bhithéagsúil ardtalún.
- Pleanáil a dhéanamh le haghaidh díothú scrobarnaí ar an ardtalamh.
- Fálú sealadach a shuiteáil ar an ardtalamh chun na torthaí inmhianaithe innilte a bhaint amach.
- Athbhunú bogaigh a fhorordú i limistéir shainaitheanta oiriúnacha ar an ardtalamh chun sreabhadh uisce a mhoilliú agus chun tuiliú a mhaolú in abhantracha ísle.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Córais Táirgthe Orgánaigh a Uasmhéadú (MOPS)

Táirgeadh Orgánach a uasmhéadú trí bhíthin Córais Chomhtháite Curaíochta

Suíomh Geografach	Éire (gan bheith teoranta do réigiún amháin)
Eochairfhocail	Gairneoireacht Orgánach, Córais Churaíochta, Cur Chuige Comhoibríoch
Ceannaire an Tionscadail	Gillian Westbrook, Irish Organic Association (IOA) (ríomhphost: gillian.westbrook@irishoa.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2020
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€597,416

Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá táirgeoirí gairneoireachta orgánaí (torthaí agus glasraí) na hÉireann tar éis an easpa acmhainneachta dóthanaí, agus an easpa leanúnachais soláthair a éiríonn as sin, a shainaithint mar dhúshláin thábhachtacha i dtaca le déileáil le héilimh mhéadaithe ó mhiondíoltóirí. Go formhór, is feirmeoirí beagscála iad feirmeoirí na hÉireann agus ní féidir leo, ina n-aonar, freastal ar riachtanais an mhargaidh agus, dá bharr sin, allmhairíonn siad cuid mhór barr chun déileáil le horduithe.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal barrfheabhsú a dhéanamh ar tháirgeadh gairneoireachta in Éirinn agus feabhas a chur ar leanúnachas gearrshlabhraí soláthair don mhargadh náisiúnta trí córas comhoibríoch curaíochta a chomhfhreagraíonn d'éilimh mhéadaitheacha ó mhiondíoltóirí a chruthú, de bhreis ar fheirmeacha a dhéanamh níos inbhuanaithe trí spleáchas ar allmhairí cothaitheach a laghdú.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas trí úsáid a bhaint as barainneachtaí scála ó tháirgeadh comhoibríoch 11 fheirm a dhéanann táirgeadh amhail is dá mba aon fhiontar feirmeoireachta amháin iad:

(i) Sraith córas curaíochta orgánaí a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun leanúnachas soláthair níos fearr a chur ar fáil;
(ii) Éascaíocht a dhéanamh le go bhféadfaidh grúpaí feirmeoirí a bheith ag obair amhail is gur 'feirm amháin' iad;
(iii) Feabhas a chur ar struchtúir agus ar éifeachtúlachtaí gearrshlabhraí soláthair;
(iv) Feabhas a chur ar inmharthanacht feirme trí laghdú a dhéanamh ar tháirgeadh barrachais;
(v)Córais churaíochta chuí a chinneadh atá oiriúnach do gach feirm ar leith ar bhonn na saintréithe a bhaineann léi;
(vi) Ardán a chur ar fáil do na feirmeoirí chun idirthrádáil agus soláthar i measc an ghrúpa a fhoirmiúlú;
(vii) Comhairle a thabhairt maidir le cleachtais ghlasa i leith barr clúdaigh chun feabhas a chur ar chleachtais inbhuanaithe agus laghdú a dhéanamh ar spleáchas ar chothaithigh allmhairithe;
(viii) Na héilimh agus na ceanglais atá ann faoi láthair, agus a bheidh ann amach anseo, maidir le gairneoireacht orgánach a shuíomh;
(ix) Cumas a bhunú tríd an ngrúpa chun físeán oiliúna a ullmhú a scaipfear ar an bpobal i gcoitinne.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Measúnacht a dhéanamh ar gach feirm, agus athbhreithniú.
a dhéanamh ar na nithe go léir a bhaineann le dearadh córais oiriúnaigh curaíochta.
- Córas curaíochta a dhearadh agus é saincheaptha go sonrach do gach feirm ar leith.
- Faireachán leanúnach a chur i bhfeidhm chunmeasúnachtadhéanamharmhodhanna táirgthe, ar theicníochtaí fáis, ar chineálacha síl, ar riochtaí talún, ar úsáid ionchur agus ar tháirgiúlacht feirme.
- Anailís ar ithir agus ar mhúirín.
- Na príomhchoinníollacha comhshaoil ó thaobh na haeráide de agus gnéithe athraitheacha a mbíonn tionchar acu ar tháirgeadh feirme.
- Trialacha praiticiúla glasa feirmeoir-bháúla aoiligh agus múirín a sheoladh.
- Measúnacht a dhéanamh ar an éileamh margaidh ar ghairneoireacht orgánach.
- Modhanna a thabhairt isteach chun cáilíocht táirge a chinneadh.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

EIP na Maoilchearna

Nuálaíocht, Teicneolaíocht agus Aistriú Eolais le haghaidh Feabhsú Cáilíochta Uisce, Gnáthóga Ionsrutha agus Bainistíocht Bhruachánach faoi cheannas na bhFeirmeoirí in Abhantrach na Maoilchearna

Suíomh Geografach	IE 053 Réigiún an Iardheiscirt
Eochairfhocail	Feirmeoireacht Abhantrach-Íogair, Cur Chuige Comhpháirtíochta, Cáilíocht Uisce, Bithéagsúlacht, Inmharthanacht Feirme, Bainistíocht Inbhuanaithe Uisce
Ceannaire an Tionscadail	David Thompson, Mulkear Catchment Ltd (ríomhphost: info@mulkeareip.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,172,830

Réasúnaíocht an Tionscadail

Is é an talmhaíocht an t-aon bhrú suntasacha amháin a imríonn tionchar ar cháilíocht an uisce in Éirinn. Le 15 bliana anuas, tá mórathrú tar éis tarlú san earnáil talmhaíochta, is é sin, tá méadú ollmhór tagtha ar an aschur mar fhreagairt ar spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach ag Rialtas na hÉireann. Sa bhliain 2016, ba é a bhí i luach an Oll-Aschuir Talmhaíochta ná beagnach €7 billiún, agus ba iad na hearnálacha mairteola agus déiríochta ba mhó ba chúis leis sin (70%). Tá méadú 4% in aghaidh na bliana tagtha ar tháirgeadh bainne ó bhí an bhliain 2012 ann. Tá an leibhéal fáis sin, gan fasach, ina chúis le brú suntasach ar dhobharlaigh nádúrtha na hÉireann.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal cur chuige abhantrach-íogair a sholáthar don réimse feirmeoireachta in abhantrach 'I mBaol' trí oibriú le feirmeoirí chun feabhsuithe a dhéanamh ar cháilíocht uisce, ar bhainistíocht bhruachánach agus ar ghnáthóga ionsrutha.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Cumas feirmeoirí a neartú maidir le tionchair thalmhaíochta ar cháilíocht uisce a shainaithint agus a mhaolú trí bhearta praiticiúla ar an bhfeirm agus trí fhoghlaim chomhroinnte;
(ii) Múnla comhoibríoch comhpháirtíochta, faoi cheannas dreamanna áitiúla, a chur ar fáil chun a chumasú do chomhpháirtithe na príomhábhair imní maidir le cáilíocht uisce a shainaithint i gcomhar le feirmeoirí a bhfuil ról lárnach acu i ndáil le comhdhearadh, forbairt agus cur i bhfeidhm beart;
(iii) An Mhaoilchearn a cheiliúradh trí bhíthin obair chianrochtana phobail ar fheabhsú cháilíocht an uisce áitiúil, na bithéagsúlachta agus na bainistíochta bruachánaí.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Múnla oibre comhoibríche a fhorbairt chun na príomhábhair imní ó thaobh cáilíocht uisce a shainaithint.
- Clár oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil maidir le Feirmeoireacht Abhantrach-Íogair.
- Comhpháirtíocht fhíor-chomhoibríoch a bhaint amach trí shraith beart feirme a chomhdhearadh.
- Measúnachtaí mionsonraithe áitiúla ar abhantracha a chur i gcrích agus sonraí bunlíne a fhorbairt ar mhaithe le cúrsaí faireacháin.
- Measúnachtaí mionsonraithe faoi rioscaí feirme a dhéanamh chun a chinntiú go n-úsáidtear an beart ceart san áit cheart.
- An dea-chleachtas a chomhroinnt, agus cumarsáid a dhéanamh, go forleathan trí mhodh na Scéalaíochta Digití, trí oibrithe deonacha áitiúla agus trí chóras gradam chun aitheantas a thabhairt d'fheirmeoirí agus do churaidh áitiúla abhann.
- Clár cianrochtana pobail a fhorbairt chun feabhas a chur ar cháilíocht uisce, ar bhithéagsúlacht agus ar bhainistíocht bhruachánach.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Scéim Áitiúil Agra-chomhshaoil Chonamara Thuaidh

Suíomh Geografach	IE 042 Réigiún an Iarthair
Eochairfhocail	Natura 2000, Limistéar Caomhantais Speisialta, Limistéar faoi Chosaint Speisialta, Nuálaíocht, Gnáthóga Ardtalún, Tailte Móna, Feirmeoireacht Shóisialta, Feirmeoireacht HNV, Coimíneacht
Ceannaire an Tionscadail	Forum Connemara CLG (ríomhphost: info@forumconnemara.ie/b.omalley@forumconnemara.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,424,284

Réasúnaíocht an Tionscadail

I gcás úinéirí talún i gceantar Bheanna Beola/Sléibhte Mhám Toirc, tá dúshláin níos mó ná riamh le sárú acu i leith feirmeoireacht a dhéanamh ar an tírdhreach ollmhór ardtalún seo mar thoradh ar thréigean na talún arb é is cúis leis ná laghdú ar inmharthanacht eacnamaíochta, laghdú ar méid na hinnilte traidisiúnta atá ann, ar ionradh Rhododendron ponticum agus ar chleachtais diansaothair atá ag teastáil chun leanúint d'fheirmeoireacht a dhéanamh sna gnáthóga ardtalún seo. Éiríonn brúnna breise as an méadú ar úsáid áineasa an limistéir uathúil ardtalún seo.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo inmharthanacht eacnamaíochta fadtéarma na feirmeoireachta sléibhe i limistéar Bheanna Beola/Shléibhte Mhám Toirc a chinntiú trí fhorbairt a dhéanamh ar chleachtais bhainistíochta talmhaíochta de chineál inbhuanaithe nuálacha d'fhonn bithéagsúlacht an limistéir uathúil Natura 2000 seo a athbhunú, a chaomhnú agus a fheabhsú.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothrófar na cuspóirí sonracha seo a leanas ar bhonn áitiúil trí bhíthin clár píolótach ceithre bliana faoi scéim áitiúil agra-chomhshaoil a bheidh dírithe ar 2500ha de ghnáthóga ardtalún HNV:

(i) Cur chuige tírdhreach-bhunaithe a fhorbairt chun traidisiún stairiúil rialaithe na coimíneachta áitiúla a aisghabháil trí chleachtais ghrúp-bhainistíochta feirme faoi cheannas dreamanna áitiúla;

(ii) Sraith chomhchoiteann táscairí agranamaíocha, eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil a bhunú agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha (rianú beostoic, GIS, dróin, meáin dhigiteacha, rian-áiritheoirí), chun faireachán a dhéanamh ar thionchair maidir le tionscnaimh bhainistíochta innilte, bithéagsúlachta, tírdhreacha agus siúlóide;

(iii) Sásra a chur ar fáil chun clár dearfach cianrochtana a chruthú agus tionscnamh feirmeoireachta sóisialta san áireamh ann;

(iv) Cosc a chur ar thuilleadh damáiste do ghnáthóga trí ghrúpaí bainistíochta a fhoirmiú chun bainistíocht a dhéanamh ar na gnáthóga ar scála tírdhreacha;

(v) Feabhas a chur ar stádas caomhantais Ghnáthóga Fraochmhá agus Portaigh Iarscríbhinn I i limistéar Bheanna Beola/Shléibhte Mhám Toirc.



Brendan O'Malley, Forum Connemara

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Grúpaí faoi cheannas feirmeoirí a fhoirmiú chun bainistíocht a dhéanamh ar ardtalamh ar mhodh inbhuanaithe.
- Córas dreasachta a fhorbairt chun feabhas a chur ar bhainistíocht talmhaíochta fraochmhánna agus portach ardtalún.
- Imeachtaí oiliúna agus cláir chur i bhfeidhm i ndáil le húsáid teicneolaíochta nua-aoisí amhail dróin agus fálú fíorúil a reáchtáil do rannpháirtithe sa scéim chun maolú a dhéanamh in aghaidh cleachtais saothair neamhthíosacha agus fairsinge.
- Díothú spriocdhírithe scrobarnaí i dtaca le hionradh rhododendron agus sin a dhéanamh ar mhodhanna neamhcheimiceacha chun athbhunú gnáthóg portaigh agus féaraigh a chumasú.
- Clár feirmeoireachta sóisialta a fhorbairt trí bhíthin Chlár ABILITY Fhóram Chonamara.

Tionscnamh caorach crosach Bheanna Beola/Shléibhte Mhám Toirc a fhorbairt ar dá réir a choimeádfar na caoirigh chrosacha dhúchasacha a phóraítear i gceantar Bheanna Beola/Shléibhte Mhám Toirc agus a fheabhsófar iad chun ainmhí a chur ar fáil ar mhaithe le bainistíocht inbhuanaithe gnáthóg ardtalún trí bhíthin córais innilte forleithne.

- Pórtha oiriúnacha eallaigh a thabhairt isteach athuair ar mhaithe le bainistíocht a dhéanamh ar phortaigh agus ar fhéaraigh ardtalún.
- Bainistíocht a dhéanamh ar thionchar úsáidí áineasa i gceantar Bheanna Beola/Shléibhte Mhám Toirc trí shainiú rianta agus trí oibreacha cothabhála.
- Cláir oideachais scoile agus cianrochtana poiblí a fhorbairt.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Sonraí Ovi

Méadú a Dhéanamh ar an Tairbhe Ghéiniteach do Chaoirigh in Éirinn mar thoradh ar Ghabháil agus Anailísiú Sonraí Eolaíochta

Suíomh Geografach	Éire (gan bheith teoranta do réigiún amháin)
Eochairfhocail	Caoirigh, Géinitic, Géanómaíocht, Géinitíopa, Tuismíocht, Sláinte, Conablach, Fadsaolaí
Ceannaire an Tionscadail	Eamon Wall, Sheep Ireland (ríomhphost: ewall@sheep.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€515,225

Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá bac á chur ar an ráta gnóthachtála géinití i dtionscal caorach na hÉireann mar gheall ar an easpa eolais faoi thuismíocht agus faoi fheinitíopaí ainmhithe (taifid feidhmíochta) atá ar fáil maidir le feirmeoirí caorach tráchtála na hÉireann. Nuair nach eol sinsearacht na n-ainmhithe atá i gceist ní bhíonn ach cumas teoranta ag gabháil le bailiú féinitíopaí maidir leo i dtaca le feabhas fadtéarmach a chur le táirgiúlacht de. Ach nuair is eol an tuismíocht is féidir fíorchumhacht na bhféinitíopaí a úsáid trí fheidhmíocht pórlínte iomlána a nascadh agus trí chomparáidí a dhéanamh – trí mheasúnuithe géiniteacha náisiúnta na hÉireann maidir le caoirigh.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal dlús a chur leis an ráta gnóthachtála géinití i dtionscal caorach na hÉireann trí teicneolaíochta nuálacha géanómaíocha a chur i bhfeidhm maidir le taifeadadh feidhmíochta tréad tráchtála, agus méadú a dhéanamh ar tháirgiúlacht agus ar bhrabúsacht na hearnála ar mhaithe le feirmeoirí caorach uile na hÉireann agus ar mhaithe leis na tionscail ghaolmhara (e.g. próiseálaithe, seamlais).

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Caoirigh i dtréada ardluacha óna mbailítear líon mór féinitíopaí a ghéinitíopáil;

(ii) Feabhas a chur ar chruinneas innéacsanna géiniteacha na hÉireann agus, tríd an méid sin a dhéanamh, méadú a dhéanamh ar an ghnóthachtáil ghéiniteach trí úsáid a bhaint as cumhacht iomlán na bhféinitíopaí trí thuismíocht iomlán tréada a shannadh;

(iii) Forbairt a dhéanamh ar mhúnla le haghaidh ceapadh sonraí feirme tráchtála, ar múnla é ar féidir le feirmeoirí caorach na hÉireann é a mhacasamhlú;

(iv) Cainníochtaí móra féinitíopaí sláinte a ghiniúint d'fhonn rannchuidiú le hinnéacs géiniteach náisiúnta nua maidir le sláinte ainmhithe;

(v) Imscrúdú a dhéanamh i dtaobh bonneagar a chur ar bun le go mbeifear in ann sonraí faoi chonablaigh a aistriú, mar ghnáthchleachtas, chuig an mbunachar sonraí náisiúnta ar mhaithe le measúnú géiniteach a dhéanamh.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- DNA a bhailiú (bithóipse chluaise) ó gach ainmhí síolraíochta i dtréada rannpháirteacha atá roghnaithe (1,500 ainmhí síolraíochta idir chaoirigh agus reithí),
- Samplaí DNA a bhailiú (bithóipse chluaise) óshliocht na gcaorach géinitíopáilte sin tráth a mbreithe, agus úsáid á baint as clibeanna DNA a ionchorpraítear i gclibeanna céannachta náisiúnta.
- Gach ainmhí de chuid an tionscadail a ghéinitíopáil ar shlis SNP ard-dlúis 50K a saincheapadh le haghaidh thionscal caorach na hÉireann.
- Féinitíopaí nua maidir le tréithe sláinte (bacaíl, céas agus maistíteas) agus tréithe fad saoil a bhailiú trí huaire sa bhliain thar ré 5 bliana an tionscadail ó na hainmhithe go léir de chuid an tionscadail.
- Imscrúdú a dhéanamh i dtaobh aistriú sonraí faoi chonablaigh ó phróiseálaithe caorach chuig an mbunachar sonraí náisiúnta um measúnú géiniteach a chur ar bun mar ghnáthchleachtas.
- Prótacail caighdeánacha bailithe féinitíopaí a fhorbairt le haghaidh féinitíopaí sláinte agus fad saoil agus oiliúint a thabhairt dá réir do theicneoirí bailithe sonraí/d'fheirmeoirí rannpháirteacha.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint

Suíomh Geografach	IE 062 Réigiún an Lár-Oirthir
Eochairfhocail	Talamh Feirme, Nuálaíocht, Scéimeanna Torthaí-bhunaithe, Bithéagsúlacht, Fiadhúlra, Pailneoirí, Feithidí, Flora, Fálta Sceach, Bainistíocht Inbhuanaithe
Ceannaire an Tionscadail	Dr Úna FitzPatrick, Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (ríomhphost: ufitzpatrick@biodiversityireland.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2023
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,194,679

Réasúnaíocht an Tionscadail

I rith na tréimhse 50 bliain atá imithe tharainn tá laghdú ollmhór tagtha ar an líon pailneoirí fiáine ar thalamh feirme na hÉireann. In Éirinn, tá an tríú cuid dár 99 speiceas beach i mbaol a ndíothaithe. Chun aghaidh a thabhairt air sin, foilsíodh Plean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP) sa bhliain 2015. Le go n-éireoidh le AIPP, beidh gá le hathruithe beaga ar an tslí ina ndéanaimid bainistíocht ar an tírdhreach ina iomláine lena chinntiú gurb áit í inar féidir le beacha agus feithidí eile maireachtáil agus bisiú. Tá ról lárnach ag feirmeoirí maidir leis an réiteach agus tá sé éigeantach go ndéanfar sásraí réadúla a fhorbairt chun feirmeoirí a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, i leith pailneoirí talún feirme a chosaint.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo forbairt a dhéanamh ar shásra solúbtha trína spreagfar do gach feirmeoir a bhfeirm ar fad a dhéanamh níos báúla do phailneoirí ar bhealach atá intomhaiste agus nach mbeidh tionchar aige ar tháirgiúlacht.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Tástáil a dhéanamh ar éifeachtacht raon beart pailneora ar thalamh feirme de chineálacha éagsúla i gcomhthéacs na hÉireann agus na cinn lena ngabhann an tionchar is fearr agus na cinn is cost-éifeachtaí a shainaithint;

(ii) Scrúdú a dhéanamh ar thionchar na mbeart pailneora sin ar an mbithéagsúlacht i gcoitinne;

(iii) Ar bhonn na mbeart pailneora a dhéantar, córas nuálach scórála a fhorbairt ar córas simplí ar leibhéal feirme a bheidh ann agus ar córas é ina n-úsáidtear cur chuige maitríse gnáthóige chun cainníochtú a dhéanamh ar cé chomh báúil do phailneoirí atá an fheirm ar fad mar dháileacht talún;

(iv) Modh simplí íocaíochta atá bunaithe ar thorthaí a fhorbairt chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí agus iad ag féachaint le feabhas a chur ar an scór foriomlán pailneora i leith a bhfeirme.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Measúnacht a dhéanamh ar na feirmeacha rannpháirteacha go léir i leith gnáthóga pailneoirí atá ann faoi láthair agus scór tosaigh bunlíne maidir le pailneoirí talún feirme a thabhairt (bliain 1).
- Faireachán iomlán a dhéanamh ar na feirmeacha rannpháirteacha go léir maidir le pailneoirí (beacha, beacha gabhair) agus maidir leis an mbithéagsúlacht i gcoitinne (bliain 1).
- Gach feirm rannpháirteach a scóráil ar bhonn bliantúil agus spreagadh a thabhairt d'fheirmeoirí gníomhartha simplí a dhéanamh chun a scór a fheabhsú - leagfaidh doiciméad simplí treorach amach go soiléir conas a oibríonn an scór agus conas is féidir an scór is fearr a fháil. Gheobhaidh feirmeoirí íocaíocht ar bhonn bliantúil, ach sin ag brath ar an scór a fhaigheann siad agus ar mhéid agus ar cháilíocht na gnáthóige a chruthaíonn siad (blianta 2-5).
- Faireachán iomlán a dhéanamh ar fheirmeacha arís i leith pailneoirí agus bithéagsúlachta (bliain 4).
- Athbhreithniú iomlán criticiúil a cheapadh agus moltaí a dhéanamh don todhchaí (bliain 5).



An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás (SBDP)

Suíomh Geografach	IE 063 Lár Tíre & IE 051 Réigiún an Mheán-Iarthair
Eochairfhocail	Bithghás, Bithfhuinneamh, Díleá Anaeróbach, Astaíochtaí Talmhaíochta, Córas Feirme Lúbiata, Inbhuanaitheacht
Ceannaire an Tionscadail	Seán Finan, Príomhoifigeach Feidhmiúchán, Irish Bioenergy Association (IrBEA) (ríomhphost: seanfinan@irbea.org)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2019
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€994,273



Réasúnaíocht an Tionscadail

Cuireann bithghás deis iontach ar fáil le haghaidh gníomh díreach ar an bhfeirm chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag athrú aeráide ar an réimse talmhaíochta. Gabhann cuid mhór tairbhí comhshaoil agus tairbhí praiticiúla leis freisin. Ní bhaintear úsáid fhorleathan as táirgeadh bithgháis in Éirinn d'ainneoin go bhfuil díleá anaeróbach ar fáil mar theicneolaíocht ar bhonn tráchtála agus d'ainneoin na mílte suiteálacha rathúla a bheith ann ar bhonn idirnáisiúnta. Maidir leis an dornán tionscadal táirgthe bithgháis atá ann in Éirinn, gléasraí meánscála nó mórscála a bhíonn ann de ghnáth agus próiseálann siad cion ard d'iarmhar neamhfheirme agus táirgeann siad leictreachas lena onnmhairiú chuig an eangach de réir taraif dreasachta. Maidir le tionscadail bhithgháis ar fheirmeacha, is tionscadail de chineál níos lú agus ní thugann siad aon iarmhar seachfheirme isteach. Tá dúshláin áirithe ann i dtaca le Bithghás ar leibhéal feirme in Éirinn. Bíonn cuid mhór constaicí le sárú, lena n-áirítear bearnaí eolais, agus infhaighteacht réiteach cost-éifeachtach ar bheagscála, infhaighteacht bunábhar agus úsáidí le haghaidh an bhithgáis. Ina theannta sin, tá easpa bealaí neamhleictreachais chuig an margadh ar fáil don bhithghás. Maidir le bithghás a úsáid ar bheagscála san agrai-earnáil, tá Éire ag tosú ag leibhéal an-íseal i dtaca le cúrsaí nuálaíochta de.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo spreagadh a thabhairt i leith táirgeadh beagscála bithgháis ar an bhfeirm trí thacaíocht agus ranníocaíocht chaipitil a chur ar fáil fo thrí thionscadal taispeána. Beidh taighde ina chabhair maidir le tuiscint a fháil ar an tslí inar féidir le bithghás a bheith ina chúis le feabhsuithe ar inbhuanaitheacht ar leibhéal na feirme.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) Cumas soláthraithe teicneolaíochta a fhorbairt i ndáil le táirgeadh bithgháis ar leibhéal feirme a bhaint amach;
(ii) Léiriú a thabhairt ar chomhlíonadh na gcritéar maidir le hinbhuanaitheacht i gcomhthéacs threoir an AE maidir le fuinneamh in-athnuaite.
(iii) Feasacht a mhéadú sa phobal feirmeoireachta maidir leis na dúshláin mhéadaitheacha atá ann mar thoradh ar aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide;
(iv) A thaispeáint gur féidir na torthaí a bhaint amach ar bhonn forleathan.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Tacaíocht agus ranníocaíocht chaipitil a sholáthar do thrí cinn de thionscadal taispeána bithgháis ar leibhéal feirme.
- An acmhainneacht a ghabhann le táirgeadh beagscála bithgháis ar leibhéal feirme a thaispeáint.
- Foshraith d'fhiontair feirme ar leithligh a shainaithint i Lár na Tíre i dtaca le stóráil bunábhair AD (díleá anaeróbach) agus séasúracht de agus, chomh maith leis sin, i dtaca le cumas chun glacadh le díleáiteán.
- Úsáid a bhaint as sonraí taighde cás-stáidéir ó na tionscadail taispeána chun tuiscint a fháil ar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fheirmeacha mar thoradh ar bithghás a úsáid i gcóras lúbiata ar an bhfeirm.
- Measúnacht a dhéanamh ar an éifeacht ar riachtanais chothaitheach na hithreach mar thoradh ar dhíleáiteán, ar cháilíocht fheabhsaithe uisce i dtimpeallachtaí feirme agus ar feabhsú na cóimheá fuinnimh ar an bhfeirm.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Plean Inbhuanaithe Talmhaíochta do na Cruacha Dubha

Gnáthóga Ardtalún sna Cruacha Dubha a Chaomhnú agus a Athbhunú

Suíomh Geografach	IE 053 Réigiún an Iardheiscirt
Eochairfhocail	Natura 2000, LCS, LfCS, Scéim Agra-Chomhshaoil faoi cheannas Dreamanna Áitiúla, Nuálaíocht, Gnáthóga Ardtalún, Tailte Móna, Feirmeoireacht Inbhuanaithe, Beostoic a Thabhairt Isteach Athuair, Measúnacht Chuí, Meitheal Tionscadail, Feirmeoireacht Ardluacha Dúlra (HNV)
Ceannaire an Tionscadail	Noel Spillane, South Kerry Development Partnership CLG (ríomhphost: nspillane@skdp.net)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€950,000



Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá na dúshláin feirmeoireachta a bhíonn le sárú ag úinéirí talún ar na Cruacha Dubha ag éirí níos deacra ná riamh. Tá cleachtais neamh-inmharthana diansaothair ar siúl sa réimse feirmeoireachta sa tírdhreach uathúil ardtalún seo ina bhfuil is cionn ocht míle heicteár de thalamh feirme HNV faoi úinéireacht phríobháideach, agus é ainmnithe mar limistéar Natura agus, chomh maith leis sin, tá brú méadaithe ann mar thoradh ar úsáid áineasa ag níos mó ná 125,000 duine in aghaidh na bliana, ar úsáid í, tríd is tríd, nach ndéantar rialú ná faireachán uirthi.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus ar inmharthanacht eacnamaíochta na feirmeoireachta sna Cruacha Dubha trí fhorbairt a dhéanamh ar ghníomhartha praiticiúla indéanta agus ar réitigh nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna nach mór d'fheirmeoirí sna Cruacha déileáil leo agus chun bithéagsúlacht an limistéir uathúil Natura 2000 a chosaint.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas trí bhíthin scéim phíolótach agra-chomhshaoil faoi cheannas daoine áitiúla a reáchtálfar thar thréimhse ceithre bliana agus a bheidh dírithe ar 1,500ha de ghnáthóga ardtalún:

(i) Úinéirí talún a chumhachtú chun leanúint de'fheirmeoireacht ardtalún trí fhorbairt a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe bainistíochta talmhaíochta;
(ii)I gcomhar le húinéirí talún, idirghabhálacha nuálacha bainistíochta a fhorbairt ar mhaithe le caomhnú, athbhunú agus feabhsú gnáthóg ardtalún;
(iii) Clár dearfach cianrochtana a chruthú agus cosc a chur ar thuilleadh damáiste don ghnáthóg de bharr brúnna méadaitheacha ó úsáid áineasa agus an méid sin a bhaint amach trí chóras maoirseachta a chur ar bun i measc na n-úinéirí talún;
(iv) Feabhas a chur ar stádas caomhantais ghnáthóga Iarscríbhinn.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Comharghrúpaí bainistíochta a chur ar bun, agus iad faoi cheannas na bh-feirmeoirí, chun bainistíocht a dhéanamh ar na hardtailte ar mhodh inbhuanaithe.
- Córas dreasachta a fhorbairt chun feabhas a chur ar bhainistíocht talmhaíochta fraochmhánna agus portach ardtalún.
- Córas maoirseachta a bhunú i measc na n-úinéirí talún chun bainistíocht a dhéanamh ar na brúnna a éiríonn as úsáid áineasa agus a imríonn tionchar ar chleachtais talmhaíochta agus ar ghnáthóga.
- Scrobarnach rhododendron agus raithní a thabhairt chun bealaigh chun athbhunú gnáthóg talún móna agus féaraigh a chumasú.
- Oibreacha sainithe rianta chun bainistíocht a dhéanamh ar thionchar úsáide áineasa, gaistí dríodair a shuiteáil agus comhiomlán airgid a sholáthar le haghaidh cothabháil rianta.
- Imeachtaí oiliúna a reáchtáil do rannpháirtithe i scéimeanna.
- Clár oideachais a fhorbairt do scoileanna, mar aon le cianrochtain phoiblí.



An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Scéim Inbhuanaithe Agraithimpeallachta Ardtalún (SUAS)

Suíomh Geografach	IE 061 Réigiún Bhaile Átha Cliath & IE 062 Réigiún an Lár-Oirthir
Eochairfhocail	Coimíneacht, Ardtailte, Pleananna Comhtháite Agraithimpeallachta, Rannpháirteachas Geallsealbhóirí, Flora & Fauna i mBaol
Ceannaire an Tionscadail	Pat Dunne (ríomhphost: dunnesglenmalure@gmail.com)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2022
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,950,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Tá ardluach ag an talamh neamhfhálta in Ardtailte Chill Mhantáin/ Bhaile Átha Cliath i dtaca le cúrsaí bithéagsúlachta de agus tá tábhacht chaomhantais Eorpaigh aici maidir le gnáthóga, speicis agus éin. Tá aitheantas tugtha dó sin trí ainmniú limistéir shubstaintiúil de na hardtailte mar Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) agus mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LfCS). Ach, de réir taighde a rinneadh le déanaí in ardtailte Chill Mhantáin/Bhaile Átha Cliath, sainaithníodh stádas caomhantais lag/olc an limistéir, chomh maith le dearcadh, tuiscint agus freagairtí na bhfeirmeoirí ina leith sin a shainaithint.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta talmhaíochta, comhshaoil agus socheacnamaíochta a bhaineann le bainistíocht a dhéanamh ar choimíneachtaí agus ar fheirmeacha in ardtailte Chill Mhantáin/Bhaile Átha Cliath trí fhorbairt a dhéanamh ar chreat píolótach nuálach, agus praiticiúil ag an am céanna, faoi cheannas dreamanna áitiúla.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas 'ar an láthair':

(i) Scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón obair mhór, ón saothar agus ón taithí a bhain leis an gcur chuige a úsáideadh sa Chlár duaisbhuaiteach do Bhoirinn.
(ii) Grúpaí nua bainistíochta coimíneachta a bhunú agus a ghníomhachtú chun aghaidh a thabhairt ar mheath bhithéagsúlacht na n-ardtailte, ar inmharthanacht na bhfeirmeoirí a bhainistíonn na tailte sin, ar ábhair imní de chineál socheacnamaíochta atá ag pobail áitiúla agus ar an raon leathan saincheisteanna nach mór do na geallsealbhóirí ilchineálacha a bhaineann sult as na hardtailte agus a bhfuil meas acu orthu déileáil leo;
(iii) Eolas, cumas agus muinín feirmeoirí agus geallsealbhóirí a chothú agus a mhéadú i leith úinéireacht níos mó a ghlacadh ar na dúshláin agus ar na réitigh agra-chomhshaoil a bhaineann leis an gcoimíneacht/ardtalamh áitiúil;
(iv) Creat solúbtha tacaíochta a sholáthar chun cabhrú le feirmeoirí agus le geallsealbhóirí réitigh a fhorbairt a bheadh inoiriúnaithe do limistéir ardtalún eile in Éirinn agus san Eoraip a bhfuil fadhbanna den chineál céanna acu.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Grúpaí Coimíneachta (GC-anna) a bhunú a mbeidh a gcuid bunreachtanna féin acu agus a mbeidh freagracht orthu i ndáil lena bPlean Bainistíochta Coimíneachta (PBC) féin a fhorbairt, a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm.
- Gníomhaíochtaí comhshaoil (bithéagsúlacht agus uisce) agus feirmeoireachta a chomhtháthú isteach in aon PBC amháin.
- Úsáid a bhaint as scéim íocaíochta ceant-bhunaithe chun dreasacht a chur ar fáil do GC-anna lena réitigh féin a fhorbairt i ndáil le fadhbanna a shainaithníonn siad ar a gcoimíneacht.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Caomhnú an Chrotaigh Síolraíochta in Éirinn

Suíomh Geografach	IE 042 Iarthar & IE 041 Réigiún na Teorann
Eochairfhocail	Crotach Síolraíochta, Rialú Creachadóirí, Fálú Leictreach, Torthaí-bhunaithe, Baint Móna, Portaigh, Talamh Feirme Imeallach.
Ceannaire an Tionscadail	Dr Anita Donaghy, Birdwatch Ireland (ríomhphost: adonaghy@birdwatchireland.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2021
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€1,100,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

In Éirinn, tá an Crotach sainaitheanta mar thosaíocht caomhantais i gCreat Gníomhaíochta Tosaíochta (CGT) an Rialtais agus tá sé ar an Liosta Dearg d'Éin is ábhar imní caomhantais in Éirinn (BoCCI). Choimisiúnaigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) suirbhéireacht náisiúnta ar Chrotaigh Shíolraíochta sa bhliain 2015. Cuireadh an tsuirbhéireacht i gcrích sa bhliain 2017 agus thángthas ar an eolas faoi mheath measta >90% i líon na gCrotach ó bhí blianta na 970-idí ann. Is dóigh gur cailleadh agus díghrádú gnáthóige is mó is cúis leis an meath sin; ach, de bhreis air sin, i gcomhréir le staidéir eile atá déanta i measc an raoin síolraíochta, taifeadadh leibhéil an-íseal atáirgthe mar thoradh ar chreachadh agus theip ar chuid mhór péirí ag céim na neide gan ach líon beag óg ineitilte ann. Mura ndéantar idirghabháil shuntasach, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh Crotach síolraíochta na hÉirinn imithe in éag ar fud na tíre laistigh de na deich mbliana atá díreach romhainn. Dá bhrí sin, tá géarghá le gníomhaíocht chaomhantais chun é sin a chosc.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal cosc a chur ar laghdú breise ar líon na gCrotach in Éirinn trí láithreáin aitheanta síolraíochta Crotach in Éirinn a chosaint agus a fheabhsú agus, ina theannta sin, trí fheirmeoirí agus muintir na tuaithe a oiliúint agus a chúiteamh i leith gnáthóga Crotaigh a chruthú agus a bhainistiú.

Chun na spriocanna sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí seo a leanas in dhá fhócas-limistéar, is é sin le rá, Loch Coirib i gContae na Gaillimhe agus i bportaigh Dheisceart Liatroma:

(i) Modhanna nuálacha a thriail nár triaileadh roimhe seo in Éirinn agus sin a dhéanamh ar ghnáthóga talún feirme agus portaigh araon chun laghdú a dhéanamh ar chreachadóireacht agus chun gnáthóg oiriúnach a chosaint agus a fheabhsú, ar leibhéal an láithreáin agus ar leibhéal tírdhreacha araon;
(ii)Bunlínte agus spriocanna a bhunú le haghaidh rath síolraíochta, riocht gnáthóige, rannpháirteachas úinéirí talún, dlúis chreachadóirí agus oibreacha caipitiúla.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Torthaí Síolraithe Crotaigh a chinneadh trí mheasúnacht a dhéanamh ar iompar crotach fásta agus trí fhaireachán a dhéanamh i leith crotaigh óga agus óga ineitilte a bheith ann.
- Úsáid fálta sealadacha leictreacha (TEF-anna) a thriail ag láithreáin neadaithe i gcomhthéacs Éireannach.
- Feirmeoirí/úinéirí talún a oiliúint chun rialú díreach a dhéanamh ar chreachadóirí.
- Rialú díreach a dhéanamh ar chreachadóirí de chineál ginearálta (sionnaigh, éin de chuid fhine na gcaróg agus minceanna) ar láithreáin neadaithe aitheanta.
- Feabhas a chur ar ghnáthóga trí oibreacha caipitiúla a dhéanamh.
- Scéim agra-chomhshaoil hibrideach a thriail agus cur chuige torthaí-bhunaithe á chumasc le roinnt eilimintí saintreoracha a bhaineann go sonrach leis an gCrotach.
- Faireachán a dhéanamh ar cé chomh mór atá baint móna ina cúis le suaitheadh na gnáthóige neadaithe tríú mhapáil a dhéanamh ar fhairsinge agus ar thráthú na gníomhaíochta bainte móna.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine
The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas
National Rural Network
eip-agri
Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Scéim Pobal agus Feirmeoireachta Brataí Goirme Dhún Canann

Suíomh Geografach	IE 052 Réigiún an Iardheiscirt
Eochairfhocail	Cáilíocht uisce, Truailliú, Ábhar Faecach, Talmhaíocht, Dabhach Shéarachais, Pobal
Ceannaire an Tionscadail	Comhairle Chontae Loch Garman (ríomhphost: brendan.cooney@wexfordcoco.ie)
An Cineál Tionscadail	Grúpa Oibríochtúil
Dáta Tosaithe	2018
Dáta Críochnaithe	2021
Stádas an Tionscadail	Leanúnach
An Phríomhfhoinse Mhaoiniúcháin	An Clár Forbartha Tuaithe (CFT) 2014-2020
An Buiséad Iomlán	€550,000

Réasúnaíocht an Tionscadail

Mar thoradh ar na leibhéil arda baictéar in uisce snámha ag trá Dhún Canann agus, chomh maith leis sin, ar chailleadh stádas 'Bratach Ghorm' na trá i leith sármhaitheas comhshaoil sa bhliain 2007, tá tionchar mór imeartha ar acmhainneacht turasóireachta an cheantair. Mar shampla, b'éigean fógraí toirmiscthe snámha a fhorfheidhmiú le déanaí, is é sin, i mí Lúnasa 2017, i rith sheachtain an Hooked KiteFest, mar gheall ar leibhéil iomarcacha Eintreacocas Stéigeach san uisce snámha.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal rannchuidiú le haisghabháil agus le coimeád fadtéarma stádas na Brataí Goirme ag trá Dhún Canann, Co. Loch Garman, trí fheabhas a chur ar cháilíocht bhaictéarach an dá shruth cósta a shreabhann isteach ar an trá.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, saothróidh an tionscadal na cuspóirí sonracha seo a leanas de réir chur chuige Bainistíochta Comhtháite Abhantraí na Creat-Treorach Uisce:

(i) Cáilíocht an uisce snámha agus na n-uiscí abhann i nDún Canann a athbhunú, a chosaint agus a fheabhsú ar mhodh inbhuanaithe trí laghdú a dhéanamh ar thruailliú (baictéir fhaecacha go formhór ach cothaithigh agus dríodar freisin) ó fhoinsí tuaithe, talmhaíochta agus tís agus, ag an am céanna ioncaim feirme a chosaint;
(ii) Múnla éifeachtach a fhorbairt le haghaidh bainistíocht inbhuanaithe abhantrach den chineál céanna amach anseo;
(iii) Caidreamh dearfach idir na feirmeoirí agus na sealbhóirí tí i limistéar na habhantraí agus sa tírdhreach nádúrtha áitiúil, go háirithe an timpeallacht uisce agus an bhithéagsúlacht ghaolmhar.

Gníomhaíochtaí an Tionscadail

- Plean feirm-shonrach 'Crios Acmhainneachta Truaillithe' (PPZ) a chruthú maidir le gach feirm. 'Bainisteoir Inbhuanaitheachta' lánaimseartha a chur ar fáil d'fheirmeoirí áitiúla chun cabhrú le feirmeoirí rannpháirteacha cuspóirí an tionscadail a bhaint amach trí treoir a thabhairt dóibh i ndáil lena bpleananna PPZ agus trí roinnt tionscnamh malartaithe eolais a fhorbairt agus a chur i gcrích.
- Faireachán a dhéanamh ar athrú cleachtas feirme agus ar cháilíocht an uisce sa limistéar abhantraí i gcoitinne.
- Clár feasachta áitiúla a chruthú le haghaidh córais cóireála dramhuisce tís.
- Rannpháirteachas ar fud an phobail a fhorbairt agus é mar chuspóir aige sin ná meon úinéireachta áitiúla, freagrachta agus measa a chruthú i leith na timpeallachta áitiúla uisce.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas

National Rural Network

eip-agri

Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann

Grúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann atá san áireamh i mBunachar Sonraí Thionscadal Service Point EIP-AGRI







Tá gach ceann de na 23 thionscadal de chuid Ghrúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI na hÉireann a roghnaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) sna blianta 2017 agus 2018 le fáil anois i mbunachar sonraí agus ar léarscáil idirghníomhach Eorpach thionscadal ar líne Service Point EIP-AGRI. Bhunaigh an Coimisiún Eorpach Service Point EIP-AGRI i mí Aibreáin 2013 chun daoine a chur i gceangal lena chéile agus chun nuálaíocht agus malartú eolais sa réimse talmhaíochta a éascú.

Láithreán Gréasáin EIP-AGRI Service Point: https://ec.europa.eu/eip/agriculture/en

The European Agricultural Fund for Rural Development:
Europe investing in rural areas

eip-agri
AGRICULTURE & INNOVATION

National Rural Network

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

Grúpaí Oibríocht EIP-AGRI na hÉireann – ‘One-Stop-Shop’ Scéalchlár de Bhunachar Sonraí Tionscadal an NRN



EIP-AGRI Service Point de Bhunachar Sonraí Tionscadal

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

EIP-AGRI Operational Groups

The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas

National Rural Network

Biodiversity Regeneration in a Dairying Environment (BRIDE)

Geographical Location	IE 053 South-West Region
Keywords	Results-based Schemes, Farmland, Sustainability, Ecosystem Services, Biodiversity, Wildlife, Hedgerows, Birds, Invertebrates, Pollinators, Vertebrates, Mammals
Project Leader	Donal Sheehan (dcsheehan@eircom.net)
Project Type	Operational Group
Starting Date	2018
End Date	2022
Project Status	Ongoing
Main Funding Source	Rural Development Programme (RDP) 2014-2020
Total Budget	€1,100,000

Project Rationale

Intensively managed farmland throughout Ireland has had relatively low participation rates in agri-environment schemes (and associated wildlife options). Nevertheless, it is this farmland that is most frequently represented in Quality Assurance and Sustainability Schemes, and is most likely to require a customised plan to maintain and enhance farmland wildlife habitats.

Project Aims and Objectives

The project aims to design and implement a cost effective, results-based approach to conserve, enhance and restore habitats in lowland intensive farmland, and to improve national awareness of the options that are available in an effort to maintain and enhance farmland wildlife on intensively managed farmland without unduly affecting agricultural production.

To achieve these goals, the project will pursue the following specific objectives delivered over a five-year period to a group of up to fifty farmers in the River Bride Valley, Co. Cork, which constitutes part of the River Blackwater Special Area of Conservation:

(i) Explore an innovative implementation of a results-based approach for wildlife on intensively managed farmland;
(ii) Develop, implement and assess innovative options to restore, preserve and enhance farmland habitats;
(iii) Improve communication and dissemination on the contribution of Irish farmland to the conservation of biodiversity, especially in intensively managed grasslands;
(iv) Facilitate the creation of a market-based demand by the agri-food industry for supply of ecosystem services from farmers.

Project Activities

- Produce a Biodiversity Management Plan in consultation with participating farmers that identifies priority and actions for the maintenance/enhancement of farmland wildlife. Farm-based actions will target farmland habitats such as: hedgerow management, field margins, retention of winter stubble on cereal farms, skylark plots, riparian buffer strips, creation of a permanent pond, conservation of existing farm habitats, native woodlands, nest-box and bat-box installation, rodent control and control of invasive species.
- Monitor the diversity of vegetation types, plants, bird, bats and pollinators, using a baseline and ongoing surveys.
- Disseminate lessons learned from the project to a wide variety of stakeholders via multiple methods.

BRIDE Project
Farming with Nature

Póstaer de chuid Thionscadail Ghrúpa Oibríochtúil an NRN



An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

EIP-AGRI Operational Groups

National Rural Network

Biodiversity Regeneration in a Dairying Environment (BRIDE)

Project Title
BRIDE - Biodiversity Regeneration in a Dairying Environment

Geographical location/ Territorial Scope	
Country	Ireland
Geographical location (NUTS3)	IE 025 South-West

Project Coordinator (Lead-Partner)	
Name	Donal Sheehan
Address	Castlelyons, Co. Cork
E-mail	dcsheehan@eircom.net
Telephone	+35387 2292880

Project Details	
Starting Date	2018
End Date	2022
Project Status	Ongoing
Main Funding Source	Rural Development Programme 2014-2020 for Operational Groups (in the sense of Art 35 of Reg.1305/2013).
Total Budget of the Project	

1

Project Background

Intensively managed farmland throughout Ireland has had relatively low participation rates in agri-environment schemes (and associated wildlife options). Nevertheless, it is this farmland that is most frequently represented in Quality Assurance and Sustainability Schemes, and is most likely to require a customised plan to maintain and enhance farmland wildlife habitats.

Project Aims & Objectives

The project aims to design and implement a cost effective, results-based approach to conserve, enhance and restore habitats in lowland intensive farmland without unduly affecting agricultural production.

The following specific objectives will be perused:

-Develop, implement and assess innovative options to restore, preserve and enhance farmland habitats.

-Improve communication and dissemination about the contribution of Irish farmland to th conservation of biodiversity.

-Facilitate the creation of a market-based demand by the agri-food industry for supply of ecosystem services from farmers.

Project Activities

Project activities include:

- Producing a Biodiversity Management Plan (BMP) in consultation with participating farmers that identifies priority actions for the maintenance/enhancement of farmland wildlife. Farm-based actions will target farmland habitats such as: hedgerow management, field margins, retention of winter stubble on cereal farms, skylark plots, riparian buffer strips, creation of a permanent pond, conservation of existing farm habitats, native woodlands, nest-box and bat-box installation, rodent control and control of invasive species.
- Monitoring the diversity of vegetation types, plants, bird, bats and pollinators, using a baseline and ongoing surveys.

2

Achoimriú de Thionscadal Ghrúpa Oibríochtúil an NRN

Tionscadal na Meáin Shóisialta

Nótaí

Arna dhearadh ag an Dr. Shane Conway, Taighdeoir Iardhochtúireachta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus ag an Líonra Náisiúnta Tuaithe.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

The European Agricultural Fund for Rural Development:
Europe investing in rural areas

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020

Co-funded by the Irish Government and the European Union

National Rural Network

National Rural Network

eip-agri
AGRICULTURE & INNOVATION

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

The European Agricultural Fund for Rural Development:
Europe investing in rural areas

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020

Co-funded by the Irish Government and the European Union